

AG LEATHNÚ AMACH

Treoracha sa Todhchaí

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

ISBN 978-1-4064-2132-3

Clár na nÁbhar

1.	**Brollach**			**3**
2.	**Físráiteas**			**5**
3.	**Moltaí le haghaidh Gníomhaíochtaí 2008 - 2012**			**7**
4.	**Caibidil 1**	**-**	**Réamhrá**	**13**
5.	**Caibidil 2**	**-**	**Próifíl Sheirbhís na Leabharlann Poiblí – 1998 to 2007: Clocha Míle agus Éachtaí**	**17**
6.	**Caibidil 3**	**-**	**An Dúshlán**	**39**
7.	**Caibidil 4**	**-**	**Tosaíochtaí agus Moltaí**	**49**

Aguisíní:

I	**Moltaí agus Éachtaí 1998 - 2007**	**61**
II	**Leabharliosta**	**65**

© Government of Ireland 2008

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR
LE CEANNACH DÍREACH ÓN
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
NÓ TRÍD AN BPOST Ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO
(TEIL: 01-6476834/37 NÓ 1890 213434; FAX: 01-6476843 NÓ 094-9378964)
NÓ TRÍ AON DÍOLTÓIR LEABHAR.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
TO BE PURCHASED DIRECTLY FROM THE
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
OR BY MAIL ORDER FROM
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO
(TEL: 01-6476834/37 OR 1890 213434; FAX: 01-6476843 OR 094 9378964)
OR THROUGH ANY BOOKSELLER.

ISBN 978-1-4064-2132-3

Printed on recycled paper
containing a minimum of 75%
post-consumer waste

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Brollach

Tá an-áthas orainn **Branching Out – Future Directions** a lainseáil, doiciméad beartais a bhrúfaidh forbairt sheirbhís na leabharlann poiblí in Éirinn chun tosaigh thar na cúig bliana amach romhainn.

Forbraíonn an doiciméad seo ar an mhórdoiciméad beartais – **Branching Out,** a foilsíodh i Mí na Samhna, 1998.

Is mór iad na hathruithe atá tagtha ar Éirinn san idirlinn agus is mithid anois amharc ar an méid atá fós le déanamh le seirbhís na leabharlann poiblí a chur ar bhonn láidir don am atá le teacht. Amharcann an doiciméad ar an dul chun cinn atá déanta agus aithníonn sé na dúshláin atá roimh sheirbhís na leabharlainne poiblí agus leagann sé amach treoracha don ghníomhú san am atá le teacht trí shraith tosaíochtaí agus moltaí.

Tá seirbhís na leabharlann poiblí iniatach maidir le cúrsaí sóisialta. Tá ról an-tábhachtach ag leabharlanna poiblí mar lárionaid eolais, faisnéise agus cultúir. Tá an buntáiste breise acu go mbíonn siad ar oscailt do gach duine, is cuma faoina n-aois, a n-oideachas ná a náisiúntacht. Is acmhainn iontach iad le forbairt phobail a chur chun tosaigh, le hiomlánú sóisialta a dhéanamh agus níos mó ná riamh roimhe, bíonn siad mar áit choinne ag daoine a bhfuil an iliomad cúlra eitneach acu.

Tá 45 leabharlann deontaschabhraithe agus 7 gceanncheathrú oscailte ó 1998 agus chuir siad seo go mór leis an eispeireas a bhíonn ag an gcustaiméir, maidir leis na foirgnimh féin agus le soláthar seirbhíse.

Is eiseamláir mhaith í seirbhís na leabharlann poiblí de sheirbhís chustaiméara den scoth in earnáil an rialtais áitiúil. Dearbhaíodh dea-cháilíocht agus beogacht na seirbhíse sna 32 údarás leabharlainne ar fad sa tuarascáil a rinneadh le déanaí faoi Tháscairí Seirbhíse sna hÚdaráis Áitiúla. Léiríonn torthaí na tuarascála go raibh méadú ar úsáid sheirbhís na leabharlann agus go raibh méadú ar líon na gcomhaltaí cláraithe thar an tréimhse trí bliana, líon a bhí ag titim roimhe sin agus is rud é sin a gcuirtear an-fháilte roimhe. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann dhíograiseach as an méid atá déanta acu agus a dhearbhú do na húdaráis leabharlainne go bhfaighidh siad tacaíocht uainne ar bhonn leanúnach agus iad ag cur feabhais ar an gcáilíocht agus ar leibhéal na seirbhíse.

De thoradh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i seirbhís na leabharlann poiblí, tá cáilíocht na beatha á feabhsú agus tá deiseanna nua á gcur ar fáil don oideachas, don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don fhóillíocht agus don fhorbairt phearsanta trí sheirbhísí ilmhéan agus sheirbhísí TFC níos fearr.

Thar na cúig bliana amach romhainn geallann an doiciméad seo go mbeidh ról níos mó ag an tseirbhís leabharlainne maidir le lánpháirtiú na 'n-Éireannach nua', ról níos mó ag foirgnimh leabharlainne mar ionaid chultúrtha, forbairt leanúnach na leabharlann nua, go háirithe mar chuid de bhéim nua ar fhorbairtí lánpháirtithe inbhuanaithe, agus béim nua ar chosaint agus ar fheabhsú stoc na bhfoirgneamh leabharlainne atá tábhachtach ó thaobh ailtireachta de, a chuireann go mór le cathracha agus le bailte na hÉireann. Leagann an doiciméad seo amach an fhís leis na haidhmeanna sin a chur i gcrích.

Ár mbuíochas leis na daoine go léir a chuidigh leis an doiciméad beartais seo a fhorbairt.

John Gormley, T.D.
An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Michael Kitt, T.D.
An tAire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Físráiteas

Ráiteas Eochrach

Cumasaíonn leabharlanna poiblí na hÉireann daoine trí ligean dóibh réimse idéanna, faisnéise, samhlaíochta agus cultúir a rochtain.

Bíonn daoine ag baint úsáide as leabharlanna agus as a seirbhísí ar dhóigheanna spreagúla nua, le tacaíocht ó fhoireann thréitheach dhíograiseach.

Idéanna

Ní féidir cultúr, geilleagar ná daonlathas rathúil a bheith ann gan faisnéis agus idéanna a bheith ag dul ó dhuine go duine gan bhac. Tá croí-scileanna traidisiúnta ag seirbhís na leabharlann poiblí – cuireann an tseirbhís an léitheoireacht chun tosaigh, cothaíonn sí an fhorbairt intleachtúil, cuidíonn sí le daoine foghlaim go neamhspleách agus ar feadh a saoil – agus forbraíonn sí ar na croí-scileanna seo le cur ar a gcumas do dhaoine teacht ar idéanna. Is é seirbhís na leabharlann poiblí a chaomhnaíonn oidhreacht chultúrtha ár bpobal agus a chuireann chun tosaigh iad, d'fhonn an t-am atá thart a mhíniú, an t-am i láthair a shoiléiriú agus faisnéis a chur ar fáil don am atá le teacht.

Faisnéis

Cuireann seirbhís na leabharlann poiblí ar a gcumas do dhaoine ciall a bhaint as an raidhse ollmhór faisnéise agus eolais atá ar fáil trí réimse leathan meán. Baineann sí feidhm as teicneolaíochtaí seanbhunaithe agus nua le faisnéis a chur ar fáil ó fhoinsí náisiúnta, áitiúla, tráchtála agus pobail, rud a chuidíonn le daoine scileanna nua a fhoghlaim agus roghanna ciallmhara a dhéanamh ar feadh a saoil.

Daoine

Cuireann seirbhís na leabharlann poiblí fócas agus tacaíocht ar fáil don phobal. Is áiteanna coinne, áiseanna foghlama agus spáis phoiblí chompordacha shuaimhneacha iad na leabharlanna. Bíonn teacht ag gach duine ar leabharlanna agus léirítear meas sna leabharlanna ar éagsúlacht agus ar indibhidiúlacht na ndaoine. Cuireann foireann na leabharlann fáilte roimh dhaoine aonair agus roimh phobail agus freastalaíonn siad ar a riachtanais trí áiseanna a chur ar fáil don chultúr, don fhoghlaim, don fhorbairt shóisialta agus phobail agus don fhóillíocht.

1. Bonneagar

1.1 Molann an Grúpa Stiúrtha clár tógála ilbhliantúil eile a fhorbairt, a bhfuil creat ama insuite ann, chun dul ar aghaidh chuig céim na dtairiscintí. Leis seo, beifear in ann leanúint ar aghaidh leis an obair a tosaíodh faoi **Branching Out** ach ag féachaint do threochtaí déimeagrafacha ó shin agus an gá le tarraingt anuas an airgid a leithdháileadh a chinntiú go tráthúil. Cinnfear ar ráta an chúnaimh dheontais ar bhonn aonair, ag féachaint don mhaoiniú féideartha ó fhoinsí eile.

1.2 Mar aon leis an moladh ar an gclár tógála, molann an Grúpa Stiúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Roinne maidir leis an dóigh a gcuireann údaráis leabharlainne tograí maoinithe isteach faoi Chlár Caipitil na Leabharlann Poiblí.

1.3 Lena chinntiú go bhfuil an réimse iomlán seirbhísí ar fáil do gach úsáideoir leabharlainne (iad siúd a bhfuil míchumas acu san áireamh), molann an Grúpa Stiúrtha go ndéanfaí iniúchadh ar na leabharlanna atá ann faoi láthair agus ar sholáthar an chúnaimh dheontais le bheith mar bhonn agus mar thaca ag an obair atá riachtanach.

1.4 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart an clár caipitil atá ann faoi láthair a leathnú ionas go gcuirfear soláthar cúnamh deontais ar fáil ann do throscán, d'fheistis, do TFC agus do stoc i bhfoirgnimh nua leabharlainne atá á chur ar fáil ag údaráis leabharlainne, gan mhaoiniú ón Státchiste.

1.5 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart tógáil níos mó ar na tionscnaimh TFC a forbraíodh le linn Branching Out, rud a chuirfidh ar chumas daoine teacht níos fearr ar éagsúlacht shaibhir na faisnéise atá ar fáil anois ar an Idirlíon.

1.6 Lena chinntiú go mbeidh feabhas leanúnach ar réimse agus ar cháilíocht an stoic mar chomhchuid de bhonneagar na leabharlann, molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir dul chun cinn leanúnach a dhéanamh i dtreo sprioc per capita don chiste leabhar de €3.77 agus gur cheart an sprioc seo a nascadh leis an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí.

2. Cáilíocht na Seirbhíse

2.1 D'fhonn a chinntiú go meallfaidh seirbhís na leabharlann gach úsáideoir féideartha lena seirbhísí a úsáid, molann an Grúpa Stiúrtha measúnú a bheith déanta ar luach an dóigh a dtomhaistear úsáid na leabharlann faoi láthair agus mar aon leis sin, go bhforbrófaí modheolaíocht iomchuí leis an úsáid níos leithne a thomhas.

2.2 D'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar sheirbhísí leabharlainne ar bhonn cothrom, molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir do na húdaráis leabharlainne

- athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-uaireanta oscailte, ag tabhairt thorthaí na suirbhéanna PLUS san áireamh;

- réitigh nuálaíocha a fhorbairt le huaireanta oscailte a leathnú agus le scileanna gairmiúla fhoireann na leabharlainne a uasmhéadú d'úsáideoirí; agus

- triail a dhéanamh ar mhodhanna nuálaíocha chun seirbhís a sholáthar agus iad a thabhairt isteach sa phríomhshruth.

2.3 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart ról sheirbhís na leabharlann poiblí san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a leathnú agus gur cheart d'údaráis leabharlainne iarr ar sholáthróirí leabharlainne agus ar ghníomhaireachtaí eile an ról sin a aithin, ionas go mbeidh siad ag teacht leis an gcur chuige 'saolré a aithníodh in *I dTreo 2016.*

2.4 Lena chinntiú gur féidir le foireann na leabharlann a n-acmhainn a chomhlíonadh, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart áiseanna den scoth, feabhsúcháin teicneolaíocha agus cláir oiliúna a chur ar fáil dóibh lena scileanna bainisteoireachta agus faisnéise a fhorbairt.

2.5 Molann an Grúpa Stiúrtha d'údaráis na leabharlann beartas forbartha cnuasach a fhorbairt.

3. Seirbhís Leabharlainne na Scoileanna

3.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leanúint de bheith ag forbairt deiseanna comhoibritheacha leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun uasmhéadú a dhéanamh ar an tairbhe is féidir le leabharlanna poiblí a chur ar fáil le tacú leis an oideachas ar an mbunleibhéal, ar an meánleibhéal agus ar leibhéal na foghlama aosach leantaí.

3.2 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart don Roinn Oideachais agus Eolaíochta leibhéal reatha an deontais leis an tseirbhís leabharlainne scoile a sholáthar d'údaráis áitiúla a choinneáil mar atá agus más féidir, é a mhéadú.

4. Leabharlanna mar Lárionaid Chultúir

4.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart d'údaráis leabharlainne a n-acmhainn a fhorbairt san fhíorshaol agus ar líne mar sholáthróirí spás cultúrtha don phobal; mar chuimhne chomhchoiteann; mar ghníomhairí a chuidíonn leis an gcuimsiú sóisialta; agus mar spáis ilchultúrtha trí chláir chultúrtha agus ócáidí cultúrtha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

4.2 Nasctha leis na moltaí ag 4.1 agus 4.2 maidir le stoc, ach i dtéarmaí na n-acmhainní don fhorbairt chultúrtha, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart réimse agus cuimsitheacht na gcnuasach leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú agus gur cheart d'údaráis leabharlainne níos mó infheistíochta a dhéanamh san acmhainn seo.

5. Comhoibriú Leabharlainne

5.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart comhoibriú níos mó a bheith ann idir údaráis áitiúla ar an oideachas agus ar limistéir chultúir níos leithne lena chinntiú go mbeidh leibhéal cothrom i soláthar na seirbhíse ar fud na n-údarás.

5.2 Molann an Grúpa Stiúrtha do na húdaráis leabharlainne a straitéisí ar an gcomhoibriú a chomhlánú, rud a chuirfidh ar a gcumas na straitéisí indibhidiúla a ionchorprú sa straitéis náisiúnta a leagadh amach i *Joining Forces* (2002).

5.3 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart leanúint leis an gcomhoibriú ar chúrsaí Thuaidh/Theas trí COLICO agus, ag leibhéal Eorpach, digitiú a chomhordú trí The Euro-Focus on The Cultural Heritage, rannpháirtíocht i nGrúpa Saineolaithe na mBallstát agus i dtionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha eile.

6. Margaíocht agus Taighde

6.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart straitéis mhargaíochta a fhorbairt lena fhiosrú cad é a chuirfeadh ina luí ar dhaoine gur cuid ábhartha úsáideach dá saol í seirbhís na leabharlann.

6.2 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart leanúint ar aghaidh le Clár Taighde na Leabharlann Poiblí (ag leibhéal atá le haontú) agus le béim níos láidre ar scaipeadh thorthaí an taighde agus ar a gcur i bhfeidhm.

6.3 I gcomhthéacs na sochaí seo atá ag athrú go gasta, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart do na leabharlanna poiblí pointí lárnacha don phobal agus pointí teagmhála chuig an údarás áitiúil, chuig an rialtas láir agus chuig seirbhísí cultúrtha a dhéanamh díobh féin.

A haon

Réamhrá

1

1.1 Cúlra

Rinne **Branching Out: A New Public Library Service** (1998) athbhreithniú ar bheartas na leabharlannaíochta poiblí in Éirinn, agus chuir sé sraith moltaí chun tosaigh ag tacú le fís a dearadh le riachtanais mhuintir na hÉireann a shásamh san 21ú haois. Foireann tionscadail, arna chur ar bun ag an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, a rinne an tuarascáil agus chuaigh an fhoireann sin i gcomhairle go leathan ar an mbealach a d'fhéadfadh seirbhís áitiúil na n-údarás áitiúil a hacmhainn iomlán a chomhlíonadh. Chonacthas go raibh sé ar chumas sheirbhís na leabharlann cuidiú go mór le dhá mhórchuspóir de chuid an Rialtais a chur i gcrích

- Lena chinntiú gur ghníomhaigh Éire go gasta le glacadh le deiseanna Shochaí na Faisnéise d'fhonn tacú le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus le daonlathas a mbeadh daoine níos rannpháirtí ann; agus

- Sochaí chuimsitheach a bhunú ina bhféadfadh gach saoránach bheith páirteach go hiomlán i saol sóisialta agus eacnamaíoch na tíre.

Thuar an fhís don chlár go bhféadfadh ceithre bhunról a bheith ag an tseirbhís:

1. Rochtain oscailte dhaonlathach a chur ar fáil ar shaol na faisnéise.

2. Tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag leibhéal áitiúil.

3. Leanúint de réimse iomlán an smaointeachais agus na samhlaíochta a chur ar fáil.

4. Mar thacaíocht atá bunaithe sa phobal don oiliúint litearthachta agus léitheoireachta, go háirithe do dhaoine óga.

Shamhlaigh **Branching Out** seirbhís bunaithe ar an tuiscint nach ndéanfaí breithiúnas ar sheirbhísí na leabharlann poiblí, ní de réir an bealach a bhfuil siad struchtúrtha ach de réir na rudaí a dhéanann siad.

Aithníodh naoi saincheist eochracha a bhfuil aird ar leith de dhíth orthu, tughta chun cinn ag beagnach 90 croí-eagraíocht agus ag 800 úsáideoir a ndearnadh comhairliúchán leo le linn ullmhú na tuarascála:

- Seirbhís níos fearr a chur ar fáil in Éirinn agus an oiread sin athruithe ag teacht ar an tír.
- Bonneagar imleor a chur ar fáil.
- Gach pobal a rochtain.
- Réimse agus cáilíocht an stoic a fhorbairt.
- Margaíocht áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí leabharlainne a mhéadú.
- Comhoibriú a leathnú agus a dhoimhniú le heagraíochtaí lebharlainne eile agus le réimse níos leithne de pháirtithe féideartha
- An riachtanas le seirbhísí leabharlainne na scoileanna a fheabhsú.
- Ról na leabharlainne poiblí mar lárionad cultúir a chothú.
- Clár taighde comhordaithe le tacú faoi fhorbairtí.

D'aontaigh an Rialtas le moltaí **Branching Out,** agus, tar éis fhoilsiú na tuarascála, chuir an tAire Grúpa Stiúrtha ar bun i 1999 lena cur i bhfeidhm a mhaoirsiú, a raibh ionadaíocht ag na páirtithe leasmhara is mó air agus a raibh Rúnaí Cúnta sa Roinn mar chathaoirleach air. Tionóladh comhdháil do na príomhpháirtithe leasmhara i Samhain 2002 – leathshlí tríd an gclár – le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus lena mheas cad eile a bheadh le déanamh.

1.2 Branching Out – Future Directions: An Próiseas

Rinne Grúpa Stiúrtha athbhreithniú iomlán ar **Branching Out** in 2006/2007, agus i rith an athbhreithnithe seo

- rinne sé athbhreithniú ar na 61 moladh ar leith i **Branching Out** i gcomhar le Doiciméad Athbhreithnithe Leaththéarma 2002;
- d'aithin sé na héachtaí a cuireadh i gcrích thar an tréimhse maidir le gach moladh;
- d'aithin sé na bearnaí sa chur i gcrích agus na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na tréimhse;
- rinne sé anailís ar na héachtaí, na bearnaí agus na saincheisteanna nua;
- d'fhorbair sé téarmaí tagartha do **Branching Out – Future Directions**;
- chuir sé físráiteas ar fáil do Sheirbhís na leabharlann poiblí in 2012;
- dhréachtaigh sé réimse de dhoiciméid oibre.

Ba í an Roinn a d'fhorbair **Branching Out – Future Directions** i ndlúthchomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha. Tá sé bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin agus aithníonn sé go bhfuil an bhunanailís i **Branching Out** fós bailí.

Aithníonn **Branching Out –Future Directions** gur gá forbairt ar an dul chun cinn atá déanta ag údaráis áitiúla agus ag a bhfoireann leabharlainne cheana féin maidir le nuachóiriú agus leathnú a dhéanamh ar áiseanna agus ar sheirbhísí leabharlainne. Leagann sé amach fís athchóirithe do sheirbhís na leabharlann poiblí. Tá roinnt dúshlán ann: fás suntasach ar an daonra; méadú ar an éagsúlacht chultúrtha; dúshláin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. I gcomhthéacs na ndúshlán seo, aithníonn sé saincheisteanna eochracha a mbeidh aird de dhíth orthu sna blianta amach romhainn, gníomhartha le tabhairt faoi na fadhbanna sin agus lena chinntiú go mbeidh córas leabharlainne poiblí ann atá oiriúnach don 21ú haois, chomh maith le sraith spriocanna lena chinntiú go mbainfear na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo amach.

a dó

2

Próifíl Sheirbhís na Leabharlann Poiblí – 1998 go 2007
Clocha Míle agus Éachtaí

Ó foilsíodh **Branching Out** agus ó cuireadh tús leis an gclár a chuir an tuarascáil sin ar bun, bhí athruithe ar shuíomh agus ar dhearadh na bhfoirgneamh leabharlainne poiblí agus ar na seirbhísí iontu nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe. Go dtí pointe áirithe ar a laghad, léiríonn na hathruithe seo na dúshláin shuntasacha a bhí roimh sheirbhís na leabharlann poiblí agus an daonra agus an déimeagrafaic ag athrú níos gasta ná riamh roimhe agus teicneolaíocht na faisnéise ag déanamh athrú bunúsach ar spás fisiceach, ar chumarsáid agus ar ghluaiseacht sna bailte agus sna cathracha.

Tá seirbhís na leabharlann poiblí ag athrú le freastal ar na hathruithe seo ach aithníonn sí chomh maith go bhfuil croísheirbhís agus croíchultúr leabharlainne ann, ainneoin na n-athruithe ar chosúlacht na leabharlann ón taobh amuigh agus ar a ndearadh inmheánach, croísheirbhís agus croíchultúr a chruthaigh go bhfuil an-teacht aniar ann ar feadh na mblianta fada. Is dócha nach n-athróidh sé seo.

Is dócha nach mbeidh aon laghdú ar stádas na leabharlainne mar áit speisialta i saol an phobail, mar fhuinneog ar shaol na samhlaíochta agus ar shaol na forbartha intleachtúla, ná ar an leabharlann mar "Spás do Chách".

Dhearbhaigh **Branching Out** cumas sheirbhís na leabharlann poiblí le rochtain níos fearr a chur ar fáil ar fhaisnéis, ar theicneolaíocht faisnéise agus ar an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, bealaí nua le cuimsiú sóisialta a dhéanamh agus seirbhísí rialtais a chur ar fáil níos fearr ag baint úsáid as bonneagar TFC na leabharlainne.

Tá sé naoi mbliana anois ó foilsíodh **Branching Out** agus is furusta go leor an dul chun cinn a thomhas mar gheall ar an gclár forbartha a tionscnaíodh de thoradh na tuarascála sin.

Bhí an dul chun cinn seo suntasach i bpríomhchodanna na seirbhíse, de thoradh iarrachtaí an rialtais láir agus áitiúil, na mbainisteoirí agus na leabharlannaithe.

- Is féidir **"Seirbhís níos fearr"** a thuairisciú i dtéarmaí na n-uaireanta oscailte – bhí méadú 25% ar uaireanta oscailte ó 1998;
- **"Bonneagar tógála níos fearr"** is féidir é seo a thomhas de réir líon na leabharlann nua a osclaíodh ó 1998 – 45 brainse móide 7 gceanncheathrú go dtí deireadh 2007;
- **"Bonneagar TFC níos fearr"** cuireadh 1449 ríomhaire pearsanta a mbeidh rochtain ag an bpobal ar an Idirlíon orthu ar fáil, chomh maith le háiseanna scanta optúil d'úsáideoirí leabharlainne a bhfuil lagradharc orthu, printéirí daite ionas gur féidir léarscáileanna SO a phriontáil;
- **"Cnuasaigh leabhar níos fearr"** – meastar gur chaith údaráis leabharlainne 132% níos mó ar stoc ná mar a chaith siad i 1998; agus
- **"Seirbhísí leictreonacha níos fearr"** – tá catalóga rochtana don phobal ar líne á bhforbairt ag na húdaráis leabharlainne, tá an clár *Changing Libraries* ag taispeáint ábhar staidéir áitiúil don phobal, www.askaboutireland.ie , Cartlann Dhigiteach an *Irish Times*, *Ask About Ireland,* Luacháil Griffith agus Léarscáileanna Stairiúla.

Cuireann an t-eolas sna leathanaigh seo a leanas gléas maith ar fáil le caighdeán

Branching Out Libraries

sheirbhís na leabharlann poiblí a thomhas ag deireadh an chláir. Chomh maith leis sin, is táscaire maith é ar fhiúntas deimhneach na hinfheistíochta atá déanta ag an rialtas láir agus ag an rialtas áitiúil sa tseirbhís.

Is tábhachtach an dul chun cinn a tosaíodh i 1998 a choinneáil ag dul agus a mhéadú chomh fada agus is féidir. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh athruithe san am atá le teacht, idir athruithe ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísí, go mbeadh siad ag teacht leis na hathruithe ar sholáthar seirbhíse agus le riachtanais agus le mianta an chustaiméara. Caithfidh an tseirbhís leabharlannaíochta poiblí a bheith oscailte, solúbtha agus nuálaíoch agus léirigh údaráis leabharlainne go bhfuil na scileanna seo acu trí na tionscadail taighde agus tríd an iliomad tionscadal TFC a fuair tacaíocht ó Chiste Shochaí na Faisnéise. Is gá iarracht a dhéanamh i gcónaí feabhas a chur ar an dóigh a dtógtar leabharlanna, nuair a thugtar san áireamh an costas mór a bhaineann leis agus an t-airgead teoranta atá ar fáil. Ní mór machnamh a dhéanamh ar nuálaíocht ó thaobh maoinithe de – mar shampla, trí pháirtíochtaí poiblí/príobháideacha, agus trí dheiseanna a fhorbairt le cuid mhór seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil a chur ar fáil i spás comhroinnte.

Is féidir buntáistí theicneolaíocht na faisnéise a fheiceáil go soiléir sna tionscadail ar thacaigh an Ciste um Shochaí Faisnéise leo. Feabhsaíonn Teicneolaíocht Faisnéise an tseirbhís don chustaiméir agus is féidir leis am fhoireann na leabharlainne a shaoradh le seirbhísí níos leithne a chur ar fáil. Ní don leabhar amháin atá an leabharlann tiomanta anois ach is stóras faisnéise í a bhfuil gach cineál meán – idir nua agus shean – ann. Sna laethanta seo is beag áit nach féidir faisnéis a rochtain, agus is é ról fíorthábhachtach na leabharlainne san 21ú haois ná na meáin go léir a chur ar fáil agus níos tábhachtaí fós, coimeádaíocht a dhéanamh ar an ábhar atá ar fáil iontu. Má bhaintear úsáid chruthaitheach as an teicneolaíocht nua-aoiseach, cuirfidh sé ar chumas níos mó d'fhoireann na leabharlann béim níos iomláine a chur ar a ról mar chomhairleoirí faisnéise sna codanna poiblí den leabharlann.

Ag amharc ar fhorbairt sheirbhís na leabharlann i dtéarmaí an úsáideora, thabharfadh fianaise starógach le fios nach léiríonn an laghdú ar bhallraíocht na leabharlann ó 824,985 i 1998 go 778,421 in 2005 go cruinn an t-athrú ar an mbealach a úsáidtear leabharlanna, ná ní chuireann sé próifíl bheacht ar fáil de lucht úsáidte na leabharlann poiblí in Éirinn in 2007. Ba é líon na gcuairteanna ag an bpobal ar leabharlanna in 2007 ná 14.3 milliún, méadú de 17.3% thar an bhfigiúr de 12.2 milliún a bhí ann in 2002, a bhfuil cur síos air sa Suirbhé ar Úsáideoirí na Leabharlann Poiblí (PLUS) 2002 agus 2007.

Amharcann na paragraif seo a leanas, maraon le hAguisín 1, níos grinne ar na clocha míle agus ar na héachtaí i seirbhís na leabharlann poiblí ó 1998. Léiríonn siad leibhéal na nuálaíochta atá i gceist le **Branching Out** a chur i bhfeidhm, rud nach féidir le staitisticí ginearálta ná eochairtháscairí de sholáthar sheirbhís na leabharlann poiblí a dhéanamh go héasca.

2.1 Bonneagar

2.1.1 Cúlra

Mhol **Branching Out** gur cheart clár athchóirithe don infheistíocht chaipitil i seirbhísí leabharlainne a bheith ann. Maidir le bonneagar leabharlainne, bhí an clár le tabhairt faoi thrí rud go háirithe:

Spléachadh: Gradaim Tógála na Leabharlann Poiblí

Thug Gradaim Foirgneamh Leabharlann Phoiblí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe aitheantas don leibhéal feabhais a bhain údaráis leabharlainne amach maidir lena mbonneagar leabharlainne a fhorbairt. Is iad Institiúid Cairte na nGairmithe Leabharlainne agus Faisnéise (CILIP) agus An Chomhairle Leabharlanna a eagraíonn na Gradaim. Tarlaíonn siad gach ré bliain agus seoladh iad i 1995. Tugann siad aitheantas don fhorbairt leabharlainne athchóirithe ag an leibhéal is airde thar an Ríocht Aontaithe agus Éirinn agus aithnítear iad mar thagarmharcanna d'áiseanna leabharlainne poiblí san aois nua agus mar tháscairí don fhorbairt ghairmiúil leabharlainne. Bhí leabharlanna na n-údarás áitiúil in Éirinn le feiceáil go suntasach thar réimse catagóirí sna gradaim, lena n-áirítear:

- Buaiteoir Ghradam na Moltóirí don Inrochtaineacht, Gradam Mary Finch agus fuair sé ardmholadh sa Gradam Architect Meets Practicality leis an Leabharlann Láir Johnston agus Lárionad Farnham, Comhairle Contae an Chabháin agus ardmholadh sa Ghradam Páirtnéireachta le Leabharlann agus Lárionad Ealaíne The Source, Durlas, Co Thiobraid Árann, Comhchoiste Leabharlann in 2007.

- Buaiteoir agus molta go hard faoi seach sa chatagóir Croí an Phobail in 2005 le Leabharlann Lána Mhuire Chomhairle Contae Phort Láirge agus Oifigí Sibhialta agus Leabharlann Tobar an Choire Chomhairle Contae Shligigh.

- Buaiteoirí an chatagóra Athchóiriú ar Leabharlann Bheag in 2001 agus 2003 faoi seach, le Bun Cranncha (athchóiriú agus leathnú ar iar-theach pobail Preispitéireach), Comhairle hontae Dhún na nGall agus Ard Caoin (athchóiriú agus leathnú is fearr ar leabharlann laistigh de lárionad siopadóireachta a bhí ann cheana), Comhairle Cathrach Phort Láirge.

- Bhain Comhairle Contae an Chabháin an catagóir Leabharlann Bheag Nua sa bhliain 2003 leis an leabharlann i Muinchille.

- Tugadh ardmholadh in 2003 do Chomhairle Contae Dhún na nGall as leabharlann nua i mBaile na nGallóglach agus do Chomhairle Chontae Fhine Gall as leabharlann nua i mBaile Bhlainséir.

D'éirigh go maith le leabharlanna Éireannacha eile thar an tréimhse chéanna. Cuireadh Leabharlann Mhaigh Chromtha, Comhairle Contae Chorcaí, ar an ngearrliosta in 2000; cuireadh Cill Dhéagláin, Comhairle Contae na Mí, ar an liosta fada in 2005 agus Leabharlann Bhaile an Easpaig agus Bóthar Tory Top, Comhairle Cathrach Chorcaí, in 2007.

- Soláthar bonneagar leabharlainne
- Soláthar TFC
- Feabhsuithe ar réimse agus ar cháilíocht an stoic.

Cé nach raibh foireann an tionscadail in ann costas cinnte a shonrú don infheistíocht a bheadh de dhíth leis an leibhéal is fearr bonneagair a chur ar fáil, mheas siad costas iomlán caipitil an chláir a bheith £93.5 milliún (€118.72) thar 8 mbliana, comhdhéanta de £75 milliún (€95.23) d'fhoirgnimh leabharlainne agus £18.5 milliún (€23.49) don TFC.

2.1.2 Soláthar bonneagar leabharlainne

Thar an tréimhse idir 1999 agus 2007, ba é €91.918 milliún méid iomlán na ndeontas Státchiste curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le foirgnimh nua leabharlainne (cabhair dheontais de idir 50% agus uasmhéid de 75%) a sholáthar, le leabharlanna soghluaiste agus veaineanna seachadta a sholáthar (100% de chabhair dheontais) agus do roinnt tionscadal TFC (deontas seasta i gcásanna áirithe agus 75% go 100% i gcásanna eile).

Léiríonn Tábla 1 infheistíocht bhliantúil iarbhír chaipitil an Státchiste thar an tréimhse agus caiteachas measta comhréireach na n-údarás áitiúil.

Tá leibhéal iomlán na hinfheistíochta caipitil ag teacht leis an leibhéal a bhí molta i **Branching Out**. De bhun na hinfheistíochta seo (agus ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla), osclaíodh iomlán de 45 leabharlann nua (móide 7 gceanncheathrú) faoi dheireadh 2007.

I luathbhlianta **Branching Out,** bhí claonadh ann foirgnimh leabharlainne a sheasann leo féin a chur ar fáil. Le blianta beaga anuas, is minic a bhí soláthar seirbhísí leabharlainne imeasctha le seirbhísí eile a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil. D'oibrigh seirbhísí leabharlainne i bpáirt le seirbhísí cultúrtha eile chomh maith, nuair ba chuí.

Tá samplaí de na "leabharlanna imeasctha" seo liostaithe thíos:

- **Baile na nGallóglach, Co. Dhún na nGall.** Tá Leabharlann Phobail Bhaile na nGallóglach lonnaithe i Lárionad Seirbhísí Poiblí Bhaile na nGallóglach, saoráid ilfhreastail ina bhfuil seirbhísí ceantair na Comhairle Contae, faisnéis don saoránach agus oifigí leasa shóisialaigh ann fosta.

- **Tobar an Choire, Co. Shligigh.** Is cuid d'ionad ilfhreastail é an leabharlann seo, a bhfuil Seirbhís na Cúirte, oifig den údarás ceantair, seirbhís mótarchánach na Comhairle, agus oifigí an FSS, Teagasc agus Coillte lonnaithe ann chomh maith.

Tábla 1
€000s

	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	Total
Exch.	9,526	9,909	5,930	7,174	11,624	9,440	13,388	11,302	13,625	91,918
L.A.[1] est.	3,402	3,786	2,541	2,946	4,982	4,046	5,738	5,280	23,339	56,060

1 Tábla 1: Nóta: Chuir roinnt údarás in iúl go raibh tionscadail chaipitil beartaithe acu ach nach raibh siad in ann sonraí airgeadais a chur ar fáil fúthu. Ní thugann an tábla seo ach cuid den léargas maidir le caiteachas measta na n-údarás áitiúil ar thionscadail chaipitil.

Spléachadh: Suíomh Gréasáin Ask About Ireland

Is áis shuntasach don stair áitiúil ar líne é www.askaboutireland.ie, a chuireann tairseach ar fáil chuig suímh ghréasáin na leabharlann poiblí agus chuig teagmhálacha don léann áitiúil. Is foinse d'ábhar áitiúil é a thugann tacaíocht do churaclaim na scoileanna agus is bealach isteach é chuig bunachair sonraí a bhfuil tábhacht náisiúnta leo.

Forbraíodh www.askaboutireland.ie ar dtús i gcéim a haon den tionscadal um Oidhreacht Chultúrtha mar shuíomh gréasáin tairsigh leis na féidearthachtaí le teacht ar stair chultúrtha na hÉireann a thaispeáint d'úsáideoirí, bunaithe ar cnuasaigh áitiúla na leabharlann poiblí, na n-iarsmalann áitiúil agus na gcartlann. Ba é téama an tsuímh i dtosach ná 'An Teach Mór agus an Saol ar Eastáit Mhóra in Éirinn' ach tá sé leathnaithe ó shin trí roinnt céimeanna agus anois tairgíonn sé rogha idir níos mó ná 20 téama a bhaineann le stair agus le cultúr na hÉireann anois agus san am atá thart don úsáideoir, chomh maith le Zón na nDaltaí, a chuireann faisnéis agus gníomhaíochtaí ar fáil do dhaltaí bunscoile agus meánscoile agus iad i mbun a staidéir. Trí www.askaboutireland.ie is féidir teacht ar shuímh ghréasáin na leabharlann poiblí chomh maith agus eolas a fháil ar an mbealach le dul i dteagmháil le leabharlannaithe léinn áitiúil.

Is féidir an suíomh gréasáin a bhrabhsáil de réir áite nó de réir topaice. Taobh istigh de rannóg na n-áiteanna, is féidir le húsáideoirí ábhar a aimsiú a chruthaigh agus a d'uaslódáil na leabharlanna poiblí ó na cnuasaigh atá acu féin ar an léinn áitiúil. Tá réimse ollmhór d'ábhar spéisiúil ina measc, lena n-áirítear doiciméid stairiúla, léarscáileanna, grianghraif agus líníochtaí, cuid mhór acu nár foilsíodh riamh.

Tá gné-ailt le saineolaí náisiúnta faoi chuid mhór de na topaicí ar an suíomh, a thugann léargas ar an ábhar agus intreoir air. Is féidir teacht ar ábhar áitiúil ó na leabharlanna poiblí má dhéantar brabhsáil de réir topaice chomh maith. Cuireann www.askaboutireland.ie rochtain saor in aisce ar fáil i leabharlanna poiblí agus is scoileanna ar Chartlann Dhigiteach an Irish Times, leagan iomlán inchuardaithe ar líne de chartlann iomlán an Irish Times ón gcéad eagrán in 1859. Maoiníodh é seo i gcomhar idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Irish Times agus foireann de leabharlannaithe léinn áitiúla a rinne rialú cáilíochta air. Láinseálfar an leagan iomlán inchuardaithe ar líne de Griffith's Valuation, ceann de na foinsí ginealais is tábhachtaí ón 19ú haois agus na léarscáileanna stairiúla a bhaineann leis á seoladh go luath in 2008.

- **Áth Luain, Co. na hIarmhí** Tá an leabharlann bhrainse seo ionchorpraithe sa Lárionad Sibhialta nua. Cuireann an Lárionad Sibhialta seirbhísí réigiúnacha ar fáil don Chomhairle Contae agus do Chomhairle Bhaile Áth Luain araon, agus chomh maith leis sin cuireann sé áiseanna ilfhreastail ar fáil maidir le réimse iomlán de sheirbhísí eile Stáit.

- **Durlas, Co. Thiobraid Árann.** Osclaíodh an tsaoráid seo in 2006. Ionchorpraíonn sí Leabharlann bhrainse san Ionad Ealaíne agus Leabharlann nua. Is é an Roinn Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta a chuireann maoiniú ar fáil do chuid na n-ealaíon den tionscadal faoin Chlár Rochtana 2001-2004.

2.1.3 Soláthar TFC

Tá infheistíocht Iarbhír an Státchiste (lena n-áirítear airgead ó Chiste Shochaí na Faisnéise) i bhforbairt theicnéolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide i seirbhís na leabharlann poiblí sa tréimhse 1999- 2007 amach i dTábla 2 thíos. Tá na figiúirí seo san áireamh i dTábla 1.

Bhí an maoiniú seo idir 75% agus 100%, agus d'íoc sé as 1449 ríomhaire rochtana poiblí a cheannach nasctha leis an Idirlíon agus as córais leabharlainne a uathoibriú, agus mar gheall air seo bhíothas in ann líon suntasach seirbhísí/tionscadal TFC deontasmhaoinithe a fhorbairt:

- Córais Bhainistithe Leabharlainne, lena n-áirítear catalóga ar líne

- Lámhleabhar Oiliúna Idirlín/Seisiúin Oiliúna don fhoireann agus d'úsáideoirí.

- Seirbhísí Leabharlainne tríd an Idirlíon, lena n-áirítear áirithintí agus athnuachain ar líne.

- Scanóirí optúla.

- Digitiú Náisiúnta/Oidhreacht Chultúrtha, lena n-áirítear www.askaboutireland.ie agus www.borrowbooks.ie.

- Changing Libraries, lena n-áirítear Ask About Ireland Irish Times Digital Archive, Griffith's Valuation.

- An tionscadal Pobal Fhíorúil a rinne Leabharlann Chontae Fhine Gall.

- Chuir Agora ar chumas úsáideoirí "pobal fíorúil" a chur ar bun, a bhí ar aon dul leis an gceann fisiceach a raibh siad ina gcónaí ann m.sh. www.ardkeen.ie (Leabharlann Chathair Phort Láirge) agus www.swinford.ie (Leabharlann Chontae Mhaigh Eo)

- Seirbhísí/tionscadail ríomhfhoghlama agus ríomhlitearthachta le Leabharlann Chontae Loch Garman.

- Is é atá i Lifesteps ná treoracha a mhíníonn conas is féidir roinnt céimeanna sa saol a bhaint amach ag baint úsáide as an idirlíon m.sh. an tiomáint a fhoghlaim, teach a cheannach agus dul ar scor.

- Is é atá i Culturenet ná tairseach don fhaisnéis faoi chultúr agus oidhreacht na hÉireann.

Tábla 2

€000s

1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	Total
1,587	1,075	568	1,738	2,109	915	3,055	381	1,034	12,462

2.1.4 Feabhsúcháin i réimse agus i gcáilíocht stoic

Ar na torthaí is tábhachtaí den suirbhé PLUS a rinneadh in 2002, d'aithin sé go raibh gá le níos mó stoic agus le stoc níos fearr. Mheas údaráis leabharlainne go mbeadh caiteachas de €13.6 milliún ar stoc in 2007, nó €3.20 per capita, arb ionann é agus méadú de 132% thar 1998.

Thug an Roinn cabhair dheontais do na húdaráis leabharlainne ar fad le próiseas feabhsaithe stoc na leabharlainne go ginearálta a dhéanamh níos gasta. Bíonn an Roinn ag tabhairt deontais le stoc leabharlainne a cheannach chomh maith mar chuid den chlár caipitil do leabharlanna nua. Méadaíodh an sprioc-chaiteachas per capita ar leabhair a leagadh amach ar dtús i **Branching Out** ag €3.17 (IR£2.50) go €3.27 in 2003. Bhain deich gcinn de na húdaráis áitiúla an sprioc seo amach in 2007. Ba é líon iomlán na leabhar a d'eisigh údaráis leabharlainne i 1998 ná 12,440,760 agus mhéadaigh sé seo 6.2% go 13,212,941 in 2005 (is iad seo na figiúirí is nua atá ar fáil). Bhí méadú 120% ar an iasacht neamhleabhair nó ilmheáin sa tréimhse chéanna ó 586,786 go 1,290,080.

2.2 Cáilíocht Seirbhíse

2.2.1 Cúlra

I dtéarmaí cháilíocht na seirbhíse, d'fhéach **Branching Out** ar:

- an gá le huaireanta oscailte níos fearr a fhorbairt, infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann na leabharlann, comhionannas inrochtaineachta ar sheirbhísí leabharlainne a fheabhsú, seirbhísí speisialaithe a fheabhsú, seirbhísí faisnéise na leabharlann a fheabhsú, agus seirbhísí foghlama ar feadh an tsaoil a fheabhsú d'fhonn seirbhís leabharlainne níos fearr a sholáthar le riar ar athruithe sa tsochaí in Éirinn.

- an gá le modhanna nua a fhorbairt le seirbhís a sholáthar do cheantair iargúlta agus ceantair de dhaonra íseal;

- an gá le réimse agus cáilíocht an stoic a fheabhsú.

2.2.2 Uaireanta Oscailte

Mhol **Branching Out** gur cheart d'údaráis leabharlainne obair a thosú láithreach ar chlár a fhorbairt d'uaireanta méadaithe oscailte agus gur cheart don chur i bhfeidhm tosú le linn 1999. Rinneadh dhá shuirbhé ar uaireanta oscailte le linn an chláir. Foilsíodh an chéad cheann acu i 2001 mar *Extending Our Welcome* agus chlúdaigh sé 1998 go 2001; rinneadh an dara ceann *Changing the Schedules* agus foilsíodh é i 2004. Thug an chéad suirbhé le fios go raibh méadú ar uaireanta oscailte comhiomlána de 6.76% idir 1998 agus 2001. Léirigh an dara suirbhé go raibh méadú 20% ar uaireanta oscailte ó 1998 agus 13% ó 2001.

I suirbhé 2004

- bhí méadú 46% ar an oscailt ag am lóin agus bhí 162 leabharlann sa bhreis ar oscailt ag am lóin ó 1998;

- bhí 84% de na leabharlanna ar oscailt aon tráthnóna sa tseachtain ar a laghad, níos airde ná an 80% a bhí ann i 1998;

- bhí 75% de na leabharlanna ag oscailt ar feadh tamaill ag an deireadh seachtaine – ní raibh ach 64% ar oscailt ag an deireadh seachtaine i 1998.

Le hachoimre a dhéanamh air, bhí méadú de 20% (ó 7,761 go 9,344 sa tseachtain) ar uaireanta oscailte na leabharlann bhrainse idir 1998 agus 2004. Léiríonn faisnéis a chuir údaráis áitiúla ar fáil go raibh méadú 25% ar uaireanta oscailte in 2005 ó 1998, rud a mbeifeá ag dúil leis agus an oiread sin leabharlann poiblí á n-oscailt agus an bhéim á cur níos mó i gcónaí ar rochtain a mhéadú don phobal.

2.2.3 Infheistíocht i bhFoireann Leabharlainne

D'aithin **Branching Out** an gá le hinfheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna, le pleananna forbartha foirne in údaráis leabharlainne, le measúnú a dhéanamh ar uirlisí don fhoghlaim oscailte agus le foireann na leabharlann a dhéanamh páirteach i bpleananna forbartha agus i gcláir forbartha de chuid na n-údarás áitiúil. Chuir an Chomhairle Leabharlanna (ACL) an Buanchoiste ar Oiliúint agus ar Fhorbairt d'Fhoireann na Leabharlann Poiblí ar bun ar iarratas ó Ghrúpa Stiúrtha **Branching Out**. Is é dualgas an Choiste ná riachtanais oiliúna agus cúrsaí agus oiliúnaithe oiriúnacha a aithint. Ina thuarascáil ar chúrsaí oiliúna a eagraíodh ó cuireadh an Coiste ar bun, tá difríocht ollmhór tugtha chun suntais ag ACL maidir leis an líon daoine a bhíonn páirteach iontu in údaráis éagsúla. Leanann an ACL d'oiliúint shainiúil a chur ar fáil maidir leis an iliomad tionscadal TFC a ndéanann sé bainistiú orthu. Bíonn a lán de na húdaráis leabharlainne ag eagrú cúrsaí oiliúna dá gcuid féin chomh maith nó cuireann siad foireann na leabharlann ar chúrsaí ginearálta de chuid na n-údarás áitiúil.

2.2.4 Comhionannas Rochtana ar Sheirbhísí Leabharlainne a fheabhsú

D'fhonn comhionannas ionrochtaineachta ar sheirbhís na leabharlann poiblí a chur chun tosaigh, mhol **Branching Out** gur cheart do gach údarás leabharlainne straitéis a fhorbairt agus a chur i gcrích le hinrochtaineacht ar an leabharlann a fheabhsú do gach duine. Ba chóir don straitéis iarracht a dhéanamh na baic fhisiceacha, na baic shóisialta agus na baic airgeadais a choscann daoine ó úsáid a bhaint as leabharlanna a shárú. Chomh maith leis an moladh seo, tá riachtanais nua ann anois faoin Acht um Míchumas, 2005, a chuireann iallach ar údaráis áitiúla straitéisí inrochtaineachta a chur ar fáil laistigh de chreat ama sainráite.

Maidir le rochtain do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, d'oibrigh an Chomhairle Leabharlainne agus ceithre údarás leabharlainne, an Cabhán, Cathair Bhaile Átha Cliath, Cill Dara agus Maigh Eo, le chéile leis an Údarás Comhionannais chun cur chuige a fhorbairt le cóiríocht réasúnta a chur ar fáil i leabharlanna poiblí. Foilsíodh torthaí na hoibre seo mar *Making Access Happen* i Meán Fómhair 2004. Tugadh oiliúint bhreise maidir leis seo d'údaráis eile leabharlainne le linn 2005, de réir mholadh an bhuanchoiste ar Oiliúint agus Fhorbairt d'Fhoireann na Leabharlann Poiblí.

Bhí sé údarás leabharlainne eile páirteach i gclár foirmiúil le freastal ar dhaoine faoi mhíchumas in 2007. Is é an t-iomlán anois ná fiche a hocht (as tríocha a dó).

Tionscnaíodh dhá thionscadal eile in 2007:

- treoirlínte a fhorbairt le seirbhísí a sholáthar do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu;
- taighde ar threoirlínte a sholáthar maidir le comharthaí, taispeáint agus cumarsáid leabharlainne.

Forbraíodh na Gradaim d'Feabhas Trí Inrochtaineacht i bpáirtíocht leis an Roinn Dlí

agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus lainseáladh iad i mí Dheireadh Fómhair, 2005.

Tugann an scéim creidiúnacht do chomhlachtaí poiblí a bhaineann caighdeáin arda amach in inrochtaineacht thar ghnéithe tábhachtacha dá seirbhísí, lena n-áirítear foirgnimh agus áiseanna, foilseacháin, suímh idirlín, seirbhísí custaiméirí, acmhainní daonna agus nósanna imeachta soláthair. Is é an tUdarás Náisiúnta um Míchumas, gníomhaireacht neamhspleách faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a riarann an gradam. Bronnadh ceithre dhuais i 2006, agus ba ar leabharlanna poiblí a bronnadh trí cinn acu – Leabharlann Bhrainse CABRA, Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus Leabharlann Bhrainse agus Ceanncheathrú an Chabháin. Bhí ceithre bhuaiteoir dhóchúla ann in 2007 – Leabharlann Bhrainse Bhaile an Átha, – Leabharlann Bhrainse Léim an Bhradáin, Leabharlann Bhrainse Thobar an Choire, agus Leabharlann Chathair Phort Láirge.

Maidir le baic airgeadais, mhol **Branching Out** gur cheart do gach údarás athbhreithniú a dhéanamh ar mhuirir faoi theidil ar leith. Bíonn na muirir a ghearrtar as ballraíocht leabharlainne agus as an Idirlíon a úsáid ina bhac mór, i gcásanna áirithe, a chuireann sprid thionscnamh na sochaí faisnéise faoi **Branching Out** de dhroim seoil agus a chruthaíonn éagothroimí idir údaráis.Tá samplaí áirithe ann ina raibh laghdú láithreach ar úsáid na leabharlann de dheasca mhuirir Idirlín agus mhuirir bhallraíochta, go háirithe ag grúpaí sóisialta leochaileacha.

2.2.5 Seirbhísí Feabhsaithe Speisialaithe

Leanann údaráis leabharlainne de bheith ag baint úsáide as Clár Taighde na leabharlann poiblí agus iad ag forbairt seirbhísí speisialaithe. Mar shampla, cuireann Meeting the Challenges of Cultural Diversity, tuarascáil ar ról na leabharlann poiblí in Éirinn a foilsíodh i 2007, béim ar sheirbhísí leabharlainne a fhorbairt do shochaí ilchultúrtha na hÉireann.

Tá moltaí sa tuarascáil maidir le fáilte a chur roimh úsáideoirí, seirbhísí iomchuí a chur ar fáil agus oiliúint a thabhairt don fhoireann.

Cuireadh áiseanna don scanadh optúil isteach in 95 leabharlann phoiblí, rud a chuireann deiseanna ar fáil do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu an tIdirlíon a rochtain. Cuireann na háiseanna formhéadú agus bogearraí téacs-go-caint ar fáil agus mar sin de cuireann siad rochtain ar fáil ar réimse leathan foinsí faisnéise atá ar fáil sa leabharlann phoiblí.

2.2.6 Seirbhísí Faisnéise na Leabharlann a Fheabhsú

Mhol **Branching Out** gur cheart dúinn mar náisiún a bheith geallta do rochtain faisnéise trí leabharlanna poiblí. I nDeireadh Fómhair 2005, bhí maoiniú sa chlár Changing Libraries le haghaidh acmhainní faisnéise ar líne a sholáthar trí sheirbhís na leabharlann poiblí. Tugadh faomhadh do phróiseas comhthairisceana i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) i 2007. Rinne an tairiscint iarracht soláthróirí faisnéise a aithint do réimse leathan ciclipéad, foclóirí agus foinsí tagartha eile a bheadh le cur ar fáil i leabharlanna agus i scoileanna. Tá maoiniú tugtha ag Clár Taighde na leabharlann poiblí do Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath le scrúdú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí faisnéise, le béim ar leith ar fhaisnéis eRialtais. Fiosróidh an taighde an bealach ar feidir le rochtain ar ábhar agus le scileanna fhoireann na leabharlainne tacú le húsáideoirí agus iad ag baint úsáide as faisnéis agus seirbhísí rialtais áitiúil agus náisiúnta.

Spléachadh: Leabharlanna agus Ilchineálacht Chultúrtha

Meeting the Challenges of Cultural Diversity: a report on the role of public libraries in Ireland.

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUasal John Gormley, T.D. an tuarascáil Meeting the Challenges of Cultural Diversity: a report on the role of public libraries in Ireland i Leabharlann Ráth Maonais in 2007.

Bunaíodh Clár Taighde na leabharlann poiblí in 2002 le moltaí **Branching Out** a chur i bhfeidhm le haghaidh clár taighde curtha ar bhonn foirmiúil a chuirfeadh fócas ar sheirbhísí nua, nuálaíocha, feabhsaithe a sholáthar.

Tá Clár Taighde na Leabharlann Poiblí á bhainistiú ag an gComhairle Leabharlanna agus is é Coiste Taighde na Leabharlann Poiblí a dhéanann monatóireacht air. Tá comhaltaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Cumann Leabharlann na hÉireann agus Scoil an Léinn Faisnéise agus Leabharlainne (Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath) agus an Chomhairle ar an gcoiste seo.

Roghnaíodh an tionscadal taighde seo tar éis an dara glaoch in 2003 faoi Chlár Taighde na Leabharlann Poiblí. D'fhiosraigh sé an bealach a d'fhéadfadh leabharlanna poiblí na hÉireann seirbhísí leabharlainne níos fearr a fhorbairt le riachtanais sochaí atá ilchultúrtha ilteangach a shásamh. Bhí Leabharlanna Poiblí Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath, Leabharlanna Chathair Phort Láirge agus Leabharlanna Chontae na Mí mar chomhpháirtithe sa tionscadal.

Agus í ag labhairt ag lainseáil an tionscnaimh i Leabharlann Chill Dhéagláin i Márta 2005, dúirt an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa: "Cuirimid an-fháilte roimh an tionscnamh géarchúiseach seo de chuid na leabharlann poiblí Éireannacha, ag obair i gcomhar leis an gComhairle Leabharlanna. Fiosraíonn an tionscnamh seo an dóigh is fearr is féidir lenár leabharlanna, freastal ar ár sochaí atá ilchultúrtha ilteangach, an dóigh ar féidir leo fáilte a chur roimh an strainséir inár measc agus go bhfuil ár sochaí sibhialta oscailte don saibhreas cultúrtha atá ar fáil i dtimpeallacht ilchultúrtha don duine aonair agus don phobal araon.

2.2.7 Raon agus Cáilíocht an Stoic (Beartas)

Mhol **Branching Out** gur cheart do gach údarás leabharlainne clár a dhéanamh le cistí leabhar a mhéadú agus gur chóir aontú ar sprioc náisiúnta. Ba í an sprioc a bhí molta ná gur cheart do gach údarás leabharlainne infheistíocht de £2.50 (€3.17) per capita a dhéanamh ar stoc na leabhar gach bliain faoi 2002. Le cuidiú leis na húdaráis leabharlainne an méadú a bhí de dhíth a bhaint amach, mhol **Branching Out** gur cheart deontas náisiúnta leabhar de £3.6 milliún (€4.57) a leithdháileadh thar na ceithre bliana ó 1999 – féach paragraf 2.1.4. Bhí Grúpa Stiúrtha Branching Out ag iarraidh an figiúr per capita a ardú chuig €3.27 in 2003, arbh ionann é agus €3.77 in 2007.

Maidir le soláthar nuálaíoch seirbhíse, bíonn a lán de na húdaráis leabharlainne ag baint úsáide as seirbhísí ceannaigh agus cíosa do leabhair i dteangacha iasachta, rud a chinntíonn go mbíonn réimse imleor leabhar ann i ngach teanga. De réir taifid fostaíochta a rinneadh le déanaí, is náisiúnach coigríche

duine as gach deichniúr atá ag obair in Éirinn anois; i dtaifid na ndaoine nach comhaltaí iad a chuir iarratas isteach ar thicéid tagartha i Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath, bhí daoine de 106 náisiúntacht éagsúil ag baint úsáide as an Leabharlann Láir san ILAC in 2005.

Agus iad ag forbairt a gcnuasach, is aidhm leis na húdaráis leabharlainne réimse ábhar atá chomh leathan agus is féidir a chlúdach. Bíodh sin mar atá, ní sna leabhair ar leith amháin ná sna meáin eile atá tábhacht an chnuasaigh, ach sa chorpas cnuasaithe idircheangailte eolais atá sna cnuasaigh féin agus i scileanna fhoireann na leabharlann.

2.2.8 Seirbhísí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a Fhorbairt

Mhol **Branching Out** gur cheart freagairt na leabharlann poiblí a chomhordú ar na ceisteanna a tógadh sa Pháipéar Glas maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. To ginearálta, thug an fhreagairt tacaíocht do na tograí sa Pháipéar Glas ach nótáil siad na rudaí seo a leanas:

- níor sholáthair an togra ón gComhairle Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach d'ionadaíocht ón tseirbhís phoiblí leabharlainne;
- chuir sé béim ar ról lárnach sheirbhís na leabharlann poiblí maidir le foghlaim aosach a sholáthar agus ar an ngá le hionadaíocht a thabhairt don earnáil ar an NALC;
- mhol sé gur cheart don Chomhairle Leabharlanna an ionadaíocht seo a chur ar fáil;
- thacaigh sé leis an togra gur cheart do na Boird Áitiúla don Fhoghlaim Aosach inchur a dhéanamh in obair Bhord Forbartha an Chontae/na Cathrach.

Dúirt an Chomhairle Leabharlanna leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chomh maith go bhfuil spéis acu bheith páirteach sa Chomhairle Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach agus chuir siad a dtuairimí faoi bhráid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar an"Taskforce on Lifelong Learning" a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2003.

Is saincheist chasta í tacaíocht a chur ar fáil i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil, a théann i bhfeidhm ar nádúr fhoirgnimh na leabharlainne, ar uaireanta oscailte, ar struchtúr agus ar líon na foirne, ar an stoc agus ar a lán seirbhísí bainteacha eile.

2.2.9 Modhanna Nua le Seirbhís a Sholáthar

Mhol **Branching Out** gur cheart taighde a dhéanamh ar mhodhanna nuálaíocha le seirbhís a sholáthar agus gur cheart don Roinn leithdháileadh beag airgid a chur ar fáil le triail phíolóta a dhéanamh ar réitigh nuálaíocha áirithe maidir le seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil do phobail iargúlta.

Is seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantair tuaithe agus uirbeacha atá leithlisithe í Taobh Tíre. Is tionscadal taighde píolóta é a rinne Leabharlann Chontae Dhún na nGall agus a maoiníodh faoi Chlár Taighde na Leabharlann Poiblí, a bhfuil fiosrú déanta aige ar mhodhanna nuálaíocha le seirbhísí leabharlainne a sholáthar do phobail tuaithe agus do phobail uirbeacha atá leithlisithe. Má éiríonn le Taobh Tíre, thiocfadh leis rannpháirtíocht níos mó a chomhlíonadh i gceantair iargúlta agus chomh maith leis sin thiocfadh leis réiteach a chur ar fáil maidir le soláthar seribhísí i gceantair uirbeacha ollmhóra, rud a chuirfidh baic thíreolaíocha ar an tseirbhís leabharlainne a chur ar ceal trí úsáid na teicneolaíochta.

Spléachadh: baineann an tionscadal Taobh Tíre Gradaim Feabhais na Seirbhíse Poiblí agus an Gradam um Mórtas Ceantair

Bhain Taobh Tíre, tionscadal taighde de chuid leabharlann Chomhairle Contae Dhún na nGall, Gradam Feabhais an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí in 2008. Eagraítear Gradaim Feabhais an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí mar chuid de Thionscnamh Seirbhíse Custaiméara d'ArdCháilíocht na Seirbhíse Poiblí (QCS). Is é príomhaidhm an Tionscnaimh QCS (cuid de Chlár ginearálta Nua-aoisithe na Seirbhíse Poiblí) ná leibhéal ard seirbhíse a chur ar fáil go comhsheasmhach. Bronnadh gradam catagóra speisialta air ag na Gradaim um Mórtas Ceantair de Chuid Co-operation Ireland i dTulach, Co Ceatharlach, in 2006. Is éard is na Gradaim um Mórtas Ceantair ann ná.

Comórtas ar fud oileán na hÉireann dírithe ar aitheantas a thabhairt do phobail áitiúla a chuireann feabhas ar a gceantair trí mhórtas cathartha a chruthú iontu. Tá fócas an chomórtais ar dhaoine ag teacht le chéile leis na rudaí maithe ina gceantair a chruthú agus a athrú agus sult a bhaint astu.

Tá taighde déanta ag an tionscadal Taobh Tíre ar mhodhanna nua nuálaíocha le seirbhísí leabharlainne a sholáthar do phobail iargúlta tuaithe agus baile ar fud Dhún na nGall. Soláthraíonn Taobh Tíre seirbhís leabharlainne trí líonra de phointí seirbhíse á thacú ag líonra na leabharlainne brainse. Is é atá sa phointe seirbhíse ná cnuasach beag leabhar, curtha ar fáil ag Leabharlann Chontae Dhún na nGall (cnuasach samplach) agus réimse de sheirbhísí breise leabharlainne amhail eolas tagartha agus gnó, iasacht idir-leabharlainne, srl. Bíonn ar a laghad aon ríomhaire pearsanta i bpointe seirbhíse chomh maith atá nasctha leis an Idirlíon, rud a ligeann do dhaoine teacht ar an gcatalóg ar líne de na bpríomhghabháltais atá ag Leabharlann an Chontae, ar roinnt acmhainní faisnéise eile ar líne agus ar an Idirlíon. Bíonn foireann ag an bpointe seirbhíse a fuair oiliúint ó phearsanra Leabharlann an Chontae agus bíonn sé ar oscailt ar feadh líon suntasach uaireanta (idir 20 agus 60 uair sa tseachtain, de ghnáth).

Tá deich bpointe nua seirbhíse curtha ar bun ag Taobh Tíre faoin tuath i nDún na nGall, lena n-áirítear dhá cheann ar oileáin amach ón gcósta. Bunaítear pointí seirbhíse nua i bpáirt leis an bpobal áitiuil, go háirithe le cumann forbartha pobail agus le comharchumainn.

Bíonn foireann an tionscadail ag obair i bpáirt leis na páirtithe leasmhara áitiúla – Tionscadail Forbartha Pobail, Lárionaid Acmhainní Teaghlaigh, cuideachtaí tráchtála, tionscnamh iompair tuaithe agus rudaí nach iad. Cé go bhfuil an scéim phíolóta lonnaithe i nDún na nGall, beidh na torthaí infheidhmithe i gceantair iargúlta ar fud na hÉireann. Ina gcuid moltaí, dúirt na moltóirí "gur mheas siad gur tionscnamh spéisiúil agus spreagúil ar fud an chontae a bhí ann, a thugann seirbhísí leabharlainne do phobail iargúlta."

Tá na himpleachtaí sóisialta agus culúrtha fadraonach, go háirithe más féidir a chruthú go bhfuil siad inbhuanaithe san fhadtéarma. Bhí páirtíocht iontach ann sa chás seo idir an t-údarás áitiúil agus pobal tuaithe atá an-dearfach agus an-tacúil agus is féidir leis seo bheth ina eiseamláir do cheantair argúlta tuaithe eile. Bhain an iontráil seo an Gradam Speisialta don Fhor-rochtain Sheirbhíse Pobail agus bhí sé tuillte go maith aici."

Foilsíodh tuarascáil idirlinne in 2005 agus tá an tuarascáil deiridh le teacht amach in earrach na bliana 2008. Beidh moltaí ón taighde san áireamh sa tuarascáil deiridh ar an tionscadal.

D'amharc an *Cultural Heritage Project* ar an gcleachtas is fearr maidir le rochtain ar líne ar ábhar cultúrtha. Cruthaíodh suímh ábhair de chuid na leabharlann poiblí ar leith, an suíomh

www.askaboutireland.ie agus an tuarascáil *Our Cultural Heritage: A Strategy for Action for Public Libraries* mar gheall ar Chéim 1 den tionscadal seo, a tosaíodh in 2002. Thosaigh Céim 2 in 2003 agus seoladh an tuarascáil a tháinig amach as, *Our Cultural Heritage: building the gateway* agus an suíomh nua www.askaboutireland.i.e i Nollaig 2004. Leanann an tionscadal de sheirbhísí breise a fhorbairt i gcomhairle le bainisteoirí leabharlainne poiblí agus cuireann ceardlanna taithíocha réigiúnacha ar bun d'fhoireann na leabharlann le tacú le húsáideoirí leabharlainne agus iad ag teacht ar ábhar leictreonach.

I gcomhar leis an gComhairle Náisiunta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), an NCTE agus Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile (PCSP), tá forbairt bhreise déanta ag an gComhairle Leabharlanna agus ag na húdaráis leabharlainne ar "Zón na nDaltaí" ar an suíomh www.askaboutireland.ie le tacaíocht ar líne a chur ar fáil do chodanna na staire, na tíreolaíochta agus na heolaíochta den rannóg faoin Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (SESE) den churaclam bunscoile. Rinneadh cuid den fhaisnéis d'aonturas le riachtanais aoisghrúpaí ar leith a shásamh, ach tá cuid mhór eile faoi áiteanna áitiúla in Éirinn agus beidh spéis ag réimse níos leithne daoine ann, mar shampla, úsáideoirí leabharlainne a bhfuil spéis acu sna staidéir áitiúla nó neamh-náisiúnaigh a bhfuil spéis acu foghlaim faoin cheantar.

Tá an clár Changing Libraries, a fógraíodh in 2005, ag tabhairt le chéile roinnt acmhainní nua nó a forbraíodh le déanaí ar líne, le rochtain saor in aisce agus gan dua a chur ar fáil don phobal ar chnuasach uileghabhálach faisnéise nach bhfuil ar fáil áit ar bith eile agus éascóidh sé an rochtain seo agus cuirfidh sé chun tosaigh í tríd an Idirlíon i leabharlanna poiblí. Is féidir teacht ar réimse d'ábhar staire sainiúla anois saor in aisce i leabharlanna poiblí tríd an Ask About Ireland Irish Times Digital Archive agus Ireland Historic Map Viewer de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

D'fhorbair na tionscadail Lifesteps agus Agora ó thaighde agus anois is seirbhísí nuálaíocha iad a chuirtear ar fáil ar líne. Chuir an tionscadal Lifesteps treoracha sothuigthe céim-ar-chéim ar fáil ar úsáid an Idirlín, bunaithe ar na ceisteanna is coitianta a chuirtear i leabharlanna poiblí agus scríofa ag foireann leabharlainne. Cuimsíonn an treoir Lifesteps eachtraí saoil amhail teach a cheannach ar líne, dul ar scor agus ceisteanna faoi theistiméireachtaí. Seoladh na treoracha go léir i nDeireadh Fómhair 2005. Cuireadh cóipeanna de na treoracha ar fáil i ngach leabharlann phoiblí agus tionóladh sraith imeachtaí i leabharlanna poiblí le húsáid an Idirlín a spreagadh i measc an phobail. Déantar nuashonrú ar na treoracha agus is féidir iad a íoslódáil ón Idirlíon chomh maith ag www.lifesteps.ie.

Spléachadh: Lifesteps

Tairgíonn **Lifesteps** sraith de threoracha clóbhuailte agus ar líne a dearadh le taispeáint do phobal leathan gur gléas an úsáideach é an tIdirlíon lena riachtanais fáisnéise a shásamh. Is treoracha praiticiúla faisnéiseacha iad, a chlúdaíonn 23 topaic san 'fhíorshaol' – Teach a Cheannach, an Tiomáint a Fhoghlaim, Gnó de do Chuid Féin a Bhunú, Dul ar Scor – bíonn treoracha soléite iontu go léir a ghlacann an t-úsáideoir trí réimse áiseanna ar líne céim ar chéim, ag díriú ar chuid mhór den fhaisnéis atá ar fáil ar líne agus á míniú. Tá gach treoir ullmhaithe ag ball foirne leabharlainne a bhfuil scil aige nó aici san ábhar sin is rogha leis/léi agus le freastal ar cheisteanna rialta ón bpobal. Úsáideann na treoracha samplaí sainiúla lena mhíniú conas a úsáidtear an iliomad suíomh gréasáin a ndéantar tagairt dóibh.



Cuireann tionscadal Agora cumas an phobail, chomhlachtaí deonacha, scoileanna agus úsáideoirí deiridh eile láithreacht a bhunú ar líne agus idirghníomhú lena chéile ar líne, i 'bpobal fíorúil' atá ar aon dul leis an bpobal a bhfuil siad ina gcónaí ann san fhíorshaol. Cuireann sé bogearraí, crua-earraí, oiliúint agus tacaíocht ar fáil ionas gur féidir leis seo tarlú ag baint úsáide as timpeallacht na leabharlainne a bhfuil traidisiún d'oscailteacht, de chuimsitheacht agus de thacaíocht inti. Rinneadh píolótacht ar sheirbhís Agora i Leabharlann Ard Caoin i bPort Láirge agus i Leabharlann Áth na Muc i gContae Mhaigh Eo.

BorrowBooks.ie d'fhorbair an tseirbhís leabharlainne poiblí seirbhís iarrtha agus soláthair ar líne ar fud chatalóga na leabharlann poiblí go léir. Seoladh an tseirbhís in 2006 agus rinneadh 14,300 iarratas tríd an tseirbhís in 2007.

Spléachadh: Zón na nDaltaí

Cuireann Zón na nDaltaí ar www.askaboutireland.ie ábhar ar fáil ar líne le tacú le curaclaim na scoileanna, bunaithe ar chnuasaigh na leabharlann poiblí. Tá sé dírithe go príomha ar ábhar a fhorbairt don bhunscoil do na curaclaim nua sa Stair, sa Tíreolaíocht agus san Eolaíocht agus ar fud na n-aoisghrúpaí go léir laistigh de na bunscoileanna go dtí seo. Tá sé beartaithe ábhar a ullmhú do na meánscoileanna chomh maith.

Cruthaíodh gach cuid den ábhar i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, an Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile agus Comhairleoir faofa Oideachais. Tá Grúpa Stiúrtha i bhfeidhm ó 2005 agus tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile, An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, Cumann Leabharlainne na hÉireann agus an Chomhairle Leabharlanna.

Is iad foirne de mhúinteoirí bunscoile agus leabharlannaithe staidéir áitiúil a d'ullmhaigh an t-ábhar bunaidh don churaclam bunscoile. Tá a rannóg féin ag gach grúpa aicme do gach ábhar. Tá nótaí do mhúinteoirí ag dul le gach aonad ábhar le treoirlínte a thabhairt do mhúinteoirí maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as an ábhar agus maidir le síneadh a bhaint as an topaic. D'fhonn an tsláine oideachasúil a chinntiú, bhí próiseas righin cruthaithe, athbhreithnithe, aiseolais agus athbhreithnithe de dhíth sula bhféadfaí na heilimintí a fhaomhadh le huaslódáil. Mar gheall ar an gcur chuige righin seo, tá an suíomh gréasáin clúdaithe san oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí, an Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile agus tá eilimintí den suíomh gréasáin leabaithe i dtairseach oideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.scoilnet.ie.

Dearadh an t-ábhar le bheith chomh hidirghníomhach agus is féidir, le daltaí a spreagadh chun smaoinimh, lena scileanna taighde féin a fhorbairt agus le foghlaim faoina gceantar áitiúil inniu agus thar am. Tá a lán grianghraf ann a tháinig ó Ranna Léinn Áitiúil na leabharlann poiblí, chomh maith le léarscáileanna, líníochtaí, pictiúir agus closchomhaid ó gach cuid den tír, maraon le réimse leathan cluichí oideachasúla. Má dhéantar cuardach ar an mbanc meán ar an suíomh gréasáin, is féidir teacht go díreach ar níos mó ná 12,000 mír dhigitithe; réimse atá ag méadú in aghaidh an lae.

2.3 Seirbhís Leabharlainne na Scoileanna

2.3.1 Cúlra

Bhí trí mholadh shainiúla i **Branching Out** maidir le seirbhís leabharlainne na scoileanna a fheabhsú – is é an chéad cheann acu gur cheart don deontas do leabharlanna bunscoile déanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na méaduithe per capita do chistí ginearálta leabhar a chuireann na húdaráis leabharlainne ar fáil a mheaitseáil; bhain an dara ceann acu le deontas sainiúil faoi choinne leabhar a sholáthar maidir le hiar-bhunscoileanna ina bhfuil leabharlann scoile ag feidhmiú; agus baineann an tríú ceann le dialóg a éascú idir na húdaráis leabharlaine, An Chomhairle Leabharlanna, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta lena mheas cén bealach is fearr a d'fhéadfadh leabharlanna scoile a fhorbairt agus ag plé le forbairt na seirbhísí leabharlainne iar-bhunscoile.

Ar na forbairtí sa réimse seo tá

- Bunaíodh Grúpa Oibre Leabharlanna na Scoileanna in 2000 leis an dialóg a moladh in **Branching Out** a éascú agus chuir an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tuarascáil seo agus moltaí an ghrúpa oibre faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta i Samhain 2002;

- méadú ar an maoiniú d'údaráis leabharlainne ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta idir 2004 agus 2005, agus arís eile idir 2005 agus 2006 (féach tábla 3 thíos); agus

- D'oibrigh an Chomhairle Leabharlanna i bpáirt leis na húdaráis náisiúnta oideachais chun ábhar staidéir áitiúil a fhorbairt le tacú leis an gcuraclam bunscoile. Iarradh ar ACL comhairle a thabhairt maidir leis na bearta faoi infheistíocht pleanáilte Rialtais de €252 milliún ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sna scoileanna a chur in ord tosaíochta.

- Féach 2.2.9 Modhanna Nua Soláthair Seirbhíse maidir le Zón na nDaltaí ar on www.askaboutireland.ie.

Tábla 3

Bliain Acadúil	€ an dalta	Líon na ndaltaí bunscoile	An deontas iomlán a leithdháileadh	% +/- ar dheontas na bliana roimhe
1998/1999	2.73	451,637	1,234,691	0.4
1999/2000	2.90	444,027	1,283,709	4.0
2000/2001	3.00	439,340	1,316,518	2.6
2001/2002	3.40	441,099	1,499,737	13.9
2002/2003	3.40	441,065	1,499,620	Gan athrú
2003/2004	3.40	445,444	1,514,510	1.0
2004/2005	4.52	448,243	2,026,058	33.8
2005/2006	4.52	458,114	2,070,675	2.2
2006/2007	4.52	470,944	2,128,667	2.8

- d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Plean Gnímh don Chuimsiú Oideachais (DEIS), a shonraíonn go dtabharfar go gníomhach faoin chomhoibriú breise ar cheisteanna den chuimsiú oideachais idir an córas leabharlainne agus an earnáil oideachais i bpáirtnéireacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Cumann Leabharlainne na hÉireann agus an Comhairle Leabharlainne.

2.4 Leabharlanna mar Lárionaid Chultúir.

2.4.1 Cúlra

D'aithin Branching Out go raibh gá leis an leabharlann phoiblí a fhorbairt mar lárionad cultúir agus mhol sé:

- straitéis náisiúnta a chur ar bun maidir leis na healaíona a sholáthar ar dhóigh atá níos inrochtana ag an bpobal i gcoitinne,

- eolas níos leithne a fhorbairt i measc fhoireann na leabharlann faoi na háiseanna cultúrtha atá ar fáil

- clár náisiúnta a thionsnamh ar dhigitiú na gcnuasach leabharlainne d'ardluach cultúrtha; agus

- gur cheart don Chomhairle Ealaíne an ról dearfach is féidir le leabharlanna a imirt maidir le speictream iomlán na n-ealaíon a fhorbairt in Éirinn a thabhairt san áireamh agus an chéad Phlean Ealaíne eile á dhréachtú aici.

Tá leathnú agus éagsúlú suntasach déanta ag údaráis leabharlainne ar dheiseanna don rochtain níos cothroime ar chláir chultúrtha do gach aoisghrúpa; i gcuid mhór cásanna, is é an leabharlann áitiúil an t-aon ionad cultúrtha sa phobal. I gcomhar leis an gComhairle Ealaíne, agus de bhun na tuarascála *The Arts and the Magic of the Word,* tá na bearta seo a leanas déanta ag an gComhairle Leabharlanna:

- mhaoinigh sí ceithre thionscadal píolóta ag iniúchadh conas léitheoireacht agus na healaíona a chur chun tosaigh sna leabharlanna poiblí;

- rinne comhoibriú le hAmharclann na Mainistreach agus leis na hÚdaráis Leabharlainne in 2004 le clár imeachtaí a chur ar fáil mar chuid de chomhóradh 100 bliain Amharclann na Mainistreach

- d'fhorbair www.culturenet.ie ar son an Fhócais Eorpaigh ar an Oidhreacht Chultúrtha leis an aidhm pointe aonair rochtana a chur ar fáil ar an Idirlíon do ghníomhaireachtaí cultúrtha

Maidir le heolas níos leithne a fhorbairt i measc fhoireann na leabharlann faoi na hacmhainní cultúrtha atá ar fáil, d'ullmhaigh an Chomhairle Leabharlanna eolaí de chnuasaigh staidéir áitiúil a cuireadh ar fáil ar an Idirlíon agus trí phlean margaíochta na hOidhreachta Cultúrtha in 2005, agus bhí foireann iomlán na leabharlann páirteach i séisiúin taithíocha ar www.askaboutireland.ie.

Cé go raibh an moladh bunúsach maidir leis an gclár náisiúnta a thionscnamh ar dhigitiú na gcnuasach leabharlainne d'ardluach cultúrtha dírithe ar an Aire Ealaíne, Oidhreachta, Gaeltachta agus na nOileán, tugadh faoin ábhar seo sa suíomh gréasáin www.askaboutireland.ie, agus sa tuarascáil *Our Cultural Heritage: A Strategy for Action for Public Libraries report (2003)* a dhéanann doiciméadú air, chomh maith leis an tuarascáil *Our Cultural Heritage: Building the Gateway (2004)*.

Rinne an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF) iniúchadh ar rochtain ar an tseirbhís leabharlainne agus ar a ról maidir leis an gcuimsitheacht chultúrtha a chur chun cinn i gcomhthéacs a Thuarascála ar na hEalaíona, an gCuimsitheacht Chultúrtha agus an gComhtháthú Sóisialta (2007). Aithníonn an tuarascáil NESF an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir leis na moltaí i **Branching Out** a chur i bhfeidhm leis an rochtain a fheabhsú agus leis an gcuimsiú cultúrtha a chur chun cinn i seirbhís na leabharlann. Go ginearálta, is í conclúid na tuarascála ná go bhfuil an treo straitéiseach do sheirbhís na leabharlann comhordaithe go maith agus gur eiseamláir mhaith é struchtúr sheirbhís na leabharlann le seirbhísí eile a fhorbairt.

De réir na tuarascála, ba cheart comhordú níos fearr a bheith ar earnáil na n-ealaíon agus an chultúir, ar bhainistiú agus ar chinnteacht an mhaoinithe leis an gcuimsiú cultúrtha a fhorbairt, ar thacaíocht do leanaí agus ar sheirbhísí sonraithe do dhaoine imeallaithe agus ar bhailiú sonraí níos fearr.

D'aontaigh an Rialtas go gceapfadh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta coiste straitéise agus duine neamhspleách mar chathaoirleach air le moltaí an NESF a mheas de réir mar a dhéantar cur síos orthu sa tuarascáil seo.

2.5 Comhoibriú Leabharlainne

2.5.1 Cúlra

Glactar leis go bhfuil an leabharlann ann ar mhaithe le seirbhís a chur ar fáil dá húsáideoirí agus ní ar mhaithe léi féin agus tá an tuiscint sin ina cuid riachtanach de mholtaí **Branching Out** maidir le comhoibriú a fheabhsú idir leabharlanna agus le heagraíochtaí eile. Aithníodh go raibh cur chuige níos réamhghníomhaí de dhíth lena chinntiú go mbeadh an comhoibriú chomh héifeachtach agus chomh cuimsitheach agus is féidir, go háirithe maidir le húsáid áiseanna na leabharlann a uasmhéadú.

Moladh an méid seo a leanas maidir leis an gcomhoibriú

- déanfaidh an Coiste ar Chomhoibriú Leabharlainne in Éirinn (COLICO) iniúchadh ar iasachtaí idir-leabharlainne d'fhonn bearta a chur in áit a éascóidh páirtíocht níos mó na n-údarás leabharlainne Éireannach sa scéim;

- forbraíonn údaráis leabharlainne straitéis comhoibrithe leabharlainne;

- ba chóir fócas náisiúnta a chur ar an gcomhoibriú

- ba chóir straitéis áitiúil le comhoibriú a fhorbairt le seirbhísí eile oideachais a ionchorprú sa straitéis comhoibrithe leabharlainne le tacaíocht agus cúnamh ó An Chomhairle Leabharlanna agus i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;

- leathnú a dhéanamh ar dhualgas, ar chomhdhéanamh agus ar sheirbhísí EuroFocus on Libraries le gach leibhéal agus gach earnáil den chomhoibriú idirnáisiúnta idir leabharlanna a chuimsiú;

- oibríonn leabharlannaithe go gníomhach le múinteoirí chun an modúl ar Léann Faisnéise don Idirbhliain a chur i bhfeidhm;

Tá neart dul chun cinn déanta sa réimse seo agus cuireadh trí cinn de na moltaí i bhfeidhm ina n-iomláine, mar atá

- tuarascáil ó COLICO ar idir-iasachtaí in 2002, a d'fhoilsigh an Chomhairle Leabharlanna faoin teideal *Delivering More: inter-lending and document supply through Irish libraries;*

- an tseirbhís www.borrowbooks.ie a fhorbairt mar chuid de Thionscadal na hOidhreachta Cultúrtha, rud a chuirfidh ar chumas úsáideoirí cuardach a dhéanamh ar chatalóga uile na n-údarás áitiúil agus catalóg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le haon chuardach amháin;

- Tugtar the *Eurofocus on the Cultural Heritage ar The Eurofocus On Libraries* anois, rud a léiríonn an dóigh a bhfuil cartlanna, iarsmalanna agus leabharlanna ag teacht le chéile san aois dhigiteach. D'fhorbair an comhlacht tairseach chultúrtha na hÉireann, www.culturenet.ie agus déanann sé comhchaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach ar cheisteanna ábhartha.

Cé gur leagadh amach straitéis náisiúnta ar an gcomhoibriú i *Joining Forces (2002),* tá an obair ar fhorbairt straitéisí na n-údarás aonair leabharlainne atá le hionchorprú i straitéis náisiúnta ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Spléachadh: Borrowbooks

Is seirbhís iasachtaí ar líne é www.borrowbooks.ie a ligean do dhuine, den chéad uair, cuardach aonair a dhéanamh ar fud na gcatalóga leabharlainne poiblí ar fad agus a chuireann áis iarrtha ar líne ar fáil san aon suíomh idirlín mar shaoráid don phobal. Leis an tseirbhís BorrowBooks, is féidir le comhaltaí leabharlainne mír a bhfuil siad ag cuardach a lorg ar fud na gcatalóga ar líne ar fad atá ag na húdaráis leabharlainne poiblí ag an am céanna. Nuair a aimsítear an mhír, is féidir leis an úsáideoir seachadadh na míre a iarraidh trína sheirbhís áitiúil leabharlainne chuig an mbrainse áitiúil. Cuireann BorrowBooks ar cumas an phobail, cibé áit a bhfuil siad in Éirinn, an t-ábhar atá á lorg acu a aimsiú in aon áit amháin. Ag baint úsáide as BorrowBooks, is féidir le húsáideoir i Loch Garman teacht ar an mír atá á cuardach acu i gcnuasach Dhún na nGall agus í a ordú chuig an leabharlann áitiúil s'acu i Loch Garman.

Tugann Caibidil 2 próifíl den tseirbhís leabharlainne mar a bhí ag tús agus deireadh an chláir a bunaíodh faoi **Branching Out**; aithníonn sé na clocha míle agus éachtaí na tréimhse sin. Ag féachaint do na próifílí, na clocha míle agus na héachtaí sin agus lena chinntiú go gcuirfear an Físráiteas don tseirbhís leabharlainne poiblí i gcrích in 2012, amharcann Caibidil 3 ar na dúshláin atá roimh an tseirbhís leabharlainne poiblí, go ceann cúig bliana eile, i dtéarmaí na dtreochtaí deimeagrafacha a aithníodh sa Daonáireamh in 2006, an gheilleagair agus an chuimsithe shóisialta. Amharcfaidh sé chomh maith ar na bearnaí i gcur i gcrích mholtaí **Branching Out**, na bearnaí sna seirbhísí a tháinig chun cinn idir 1998 agus 2007 agus na réimsí a bhfuil tuilleadh forbartha de dhíth orthu.

trí

An Dúshlán

3

Déanann Caibidil 1 agus 2 an cúlra a bhaineann le **Branching Out** a leagan amach, cur síos ar phróifíl sheirbhís na leabharlann i dtús an chláir a bunaíodh faoi **Branching Out** agus i ndeireadh an chláir sin, agus breac-chuntas ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa tréimhse sin. Amharcann an chaibidil seo ar na dúshláin ata roimh sheirbhís na leabharlann poiblí thar na blianta beaga atá le teacht agus í ag iarraidh an Fhísráiteas a fhíorú.

3.1 Treochtaí Déimeagrafacha

Ba é líon iomlán an daonra a liostaíodh ar oíche an Daonáirimh ar 23 Aibreán 2006 ná 4,234,925, i gcomparáid le 3,917,203 in Aibreán 2002 agus 3,626,087 in Aibreán 1996, arb ionann é agus méadú de 317,722 duine nó 8.1% idir 2002 agus 2006 agus méadú de 16.8% thar an tréimhse deich mbliana. Ba é an meánráta bliantúil sa tréimhse ceithre bliana 2002-2006 ná 2%, an ceann is airde ar an taifead.

Bhí méadú ar dhaonra na gcúigí ar fad idir 2002 agus 2006 – bhí raon ráta an mhéadaithe ó 6.5 faoin gcéad do Chúige Mumhan go 8.9 faoin gcéad do Chúige Laighin. Bhí méadú ar an daonra i ngach contae i gCúige Laighin sa tréimhse chéanna. Ba iad na contaetha is gasta fás ná Fine Gall (+22.1%), an Mhí (+21.4%) agus Cill Dara (+13.5%). D'fhás daonra na gcontaetha go léir i gCúige Laighin níos mó ná an meánmhéid náisiúnta de 8.1%, seachas cathair Bhaile Átha Cliath (+2%), Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (+1%) agus Baile Átha Cliath Theas (+3.4%). Sháraigh ceantar lár na tíre an meánráta náisiúnta de 8.1% chomh maith – ba chuid de chrios comaitéireachta níos leithne Bhaile Átha Cliath iad na contaetha atá i gceist (Laois, an Longfort, Uibh Fhailí agus an Iarmhí).

Ba iad Cathair Chorcaí agus cathair Luimní an t-aon dá cheann as na ceithre chontae riaracháin agus tríocha ar laghdaigh a ndaonra idir 2002 agus 2006 – 3.2% agus 2.7% faoi seach. Ba é contae Chorcaí an contae is gasta fás i gCúige Mumhan (+11.4%) – ina dhiaidh sin bhí Contae Phort Láirge (9.2%) agus contae Luimnigh (+8.3%). Chuir forbairtí sna ceantair fhobhailteacha in aice le cathair Chorcaí, cathair Phort Láirge agus cathair Luimnigh go mór leis an méadú seo.

As na contaetha i gCúige Chonnachta, ba é Liatroim an contae a raibh an ráta fáis daonra is airde aige sa tréimhse idir-dhaonáirimh le déanaí. Bhí sé seo ag leanúint ar aghaidh ón méadú beag de 3% idir 1996 agus 2002. Bhí méadú 11% ag contae na Gaillimhe agus bhí an fás gasta i ndaonra Chathair na Gaillimhe sa dhá thréimhse idir-dhaonáirimh roimhe sin a raibh meánmhéid de 9.3% acu idir 2002 agus 2006. Bhí an ráta fáis is airde i gCúige Uladh i gCabhán – bhí an spreagadh is mó ag teacht ó dheisceart an chontae atá faoi raon comaitéarachta ó Bhaile Átha Cliath.

I 1998 chuir **Branching Out** béim ar na deacrachtaí a bhaineann le rochtain chothrom ar sheirbhísí poiblí a chur ar fáil i dtír a bhfuil dáileadh déimeagrafach ann ar nós na tíre seo. Léiríonn figiúirí ó Dhaonáireamh 1996 go raibh 1,518,096 duine ina gcónaí laistigh den "Cheantar Tuaithe Comhiomlán", lasmuigh de chnuasaigh daonra de 1,500 áitritheoir nó níos mó, agus bhí 260,993 duine de bhreis air sin ina gcónaí i mbailte a raibh daonra níos lú ná 5,000 acu. Má chuirtear an dá fhigiúr seo le chéile, d'fhéadfá a rá go raibh 1,770,089 duine nó 49% den daonra ina gcónaí i gceantair tuaithe nó i mbailte beaga. Faoi Dhaonáireamh ba é 47.6% an figiúr iomlán agus faoi 2006 ba é 44.9% nó 1.9 milliún duine an figiúr iomlán. Léiríonn sé seo gur dúshlán é fós an dáileadh déimeagrafach ar cuireadh béim air i **Branching Out** don tseirbhís leabharlann phoiblí maidir le rochtain.

Léiríonn an t-athrú sa daonra de réir Cheantar an Údaráis Áitiúil ó 2002 go 2006 go bhfuil rátaí fáis níos airde ann sa Lár-Oirthear, i Lár na Tíre, san Oir-Dheisceart agus san Iarthar, agus rachaidh sé seo i bhfeidhm ar an éileamh ar sheirbhísí leabharlainne agus ar a soláthar sna ceantair seo chomh maith.

Tá tábhacht ar leith ag leibhéal an inimirce in Éirinn – meastar gur tháinig 86,900 duine sna 12 mhí go dtí Aibreán 2006 – maidir le déanamh beartais náisiúnta agus le soláthar seirbhíse thar speictream leathan limistéar.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe Dhaonáireamh 2006 ó thaobh inimirce de a bhaineann le seirbhís na leabharlann poiblí:

- Bhí tuairim is dhá dtrian den mhéadú ar an daonra sa bhliain suas le hAibreán 2006 le cur síos don imirce, agus tharla an trian eile mar gheall ar an méadú nádúrtha ar an daonra.

- Ba náisiúnaigh de chuid na 10 mballstát nua a tháinig isteach san AE ar 1 Bealtaine 2004 iad beagnach leathchuid de na hinimircigh (43%).

- b'as an Pholainn do 26% (22,900) de na hinimircigh agus bhí 7% (6,100) ón Liotuáin.

- tháinig 23% de na hinimircigh ó lasmuigh den AE agus de SAM

- Bhí beagnach a leath de na hinimircigh (54%) 25 – 44 bliain d'aois agus bhí 28% 15 – 24 bliain d'aois. Ba pháistí faoi 15 d'aois iad tuairim is 1 as gach 10 de na hinimircigh.

Cuireann na treochtaí déimeagrafacha seo a lán dúshlán roimh sheirbhís na leabharlann, maidir le:

- Bonneagar fisiceach, lena n-áirítear mar shampla
  - Scála agus cineál na cóiríochta
  - Suíomh líonra na mbrainsí idir suite agus soghluaiste
  - Úsáid cóiríochta, m.sh. maidir le staidéar, taighde, fóillíocht agus cuspóirí eile don phobal.

- Soláthar seirbhíse, lena n-áirítear
  - cumas soláthair sheirbhíse
  - forbairt foirne
  - nuálaíocht i soláthar seirbhíse
  - Áiseanna

- Rannpháirtíocht agus páirtíocht, lena n-áirítear
  - Cur chuige páirtíochta a fhorbairt leis an gcomhoibriú a chur chun tosaigh leis an earnáil oideachais agus le gníomhaireachtaí atá páirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil araon.

  - Ag cuidiú leis an gclár oibre lánpháirtithe leis na ranna rialtais agus le grúpaí iomchuí eile le cuidiú le pobail nua agus le hinimircigh bheith páirteach agus imeascadh níos iomláine sa tsochaí

  - Obair a dhéanamh le ranna rialtais eile (amhail Oifig an Aire do Leanaí maidir le seirbhísí sonratieh le freastail ar riachtanais grúpaí ar leith.

3.2 An Geilleagar agus Cuimsiú Sóisialta

Tá méadú ag teacht ar an tuiscint go gcaifear tabhairt faoin gcothromacht idir fás sa gheilleagar agus sochaí rathúil inbhuanaithe a fhorbairt. Ar chuid de na pointí ar chuir an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta béim orthu ina seachtú tuarascáil ar an straitéis, *Strategy 2006: People, Productivity and Purpose (2005)* tá an méid seo a leanas:

- Tá athruithe déimeagrafacha agus leibhéil arda den imirce isteach ag déanamh athraithe ó bhonn ar an gcomhthéacs ina ndéantar chóir a bheith gach beartas in Éirinn.

- Ní bheidh rath ar an ngeilleagar mura féidir le sochaí na hÉireann a comhsheasmhacht agus a tarraingteacht a chaomhnú.

- Is é an croídhúshlán atá roimh sholáthróirí na seirbhíse poiblí ná fáinne duáilceach, ina gcuireann feabhas leanúnach agus caighdeáin arda bonn láidir faoi thacaíocht láidir ón bpobal agus faoi infheistíocht ard, a chur ann in áit an fháinne dhuáilcigh atá ann faoi láthair, ina mbíonn an t-athrú mall ag cur le míshásamh an phobail le caighdeáin seirbhíse, rud a laghdaíonn tacaíocht an phobail agus a laghdaíonn an dóchúlacht go mbeidh infheistíocht ard ann.

- Meastar go bhfuil tábhacht ollmhór leis an oideachas dara seans lena chur ar chumas daoine an córas leasa shóisialaigh a fhágáil agus filleadh ar obair.

Bhí acmhainní ar fáil le linn **Branching Out** le tabhairt faoi réimse ceisteanna sóisialta a raibh stair fhada acu. Bhí dúshláin nua ann sa tréimhse seo maidir le ceisteanna a raibh tábhacht níos lú acu in Éirinn go dtí sin. Ar chuid de na ceisteanna is mó ábharthachta do sheirbhís na leabharlann poiblí, bhí an inimirce, míbhuntáiste uirbeach agus tuaithe agus éagothroime. Ar na freagraí beartais shóisialta ar na fadhbanna seo ar ghlac seirbhís na leabharlann poiblí leo, tá:

- an *Programme for Prosperity and Fairness* (2000), *Dul chun Cinn a Choinneáil* (2003) agus I dTreo 2016 (2006) a leagan amach cuspóirí le tabhairt faoin gcuimsiú sóisialta;

- New Connections (2002) plean gnímh an Rialtais do Shochaí na Faisnéise a chuireann creat straitéiseach ar fáil le haghaidh gealltanas athnuaite do chlár oibre Shochaí na Faisnéise, lena n-áirítear rannpháirtíocht uilíoch a chur chun tosaigh, go háirithe trí thionscnaimh eInclusion agus trí fhorbairt níos mó a dhéanamh ar ríomh-acmhainní an Rialtais;

- *eInclusion* (2003) a raibh dhá fheidhm leis – cumas TFC a thógáil agus an TFC a dhéanamh ábhartha do dhaoine;

- *Building a Capacity for Change – Lifelong Learning in the Information Society* (1999) – a fhiosraíonn an fhéidearthacht don fhoghlaim sa phobal le tagairt ar leith don tseirbhís leabharlann phoiblí;

- *eGovernment* (2003) a dhéanann iarracht a chinntiú go bhfuil seirbhísí rialtais cuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta de, agus a thugann faoi cheisteanna ríomhliteartachta agus rochtain do lucht an mhíchumais;

- *A Strategy for Equality* (1996) - tuarascáil an Choimisiúin ar Stádas na nDaoine a bhfuil Míchumais Orthu (1995) agus an reachtaíocht a lean é;

- *Dearbhú Bharcelona* (1995) – forógra de chuid an AE ar dhaoine a bhfuil míchumais orthu agus a dtimpeallacht chónaithe

- an Clár RAPID a seoladh in 2001, a dhírigh ar cheantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste;

- an t-athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta in Éadan na Bochtaineachta– *Building an Inclusive Society* (2002);

- *DEIS* (2005) – Plean Gnímh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don chuimsitheacht oideachais agus;

- *Teenspace – an Beartas Náisiúnta um Áineas do Dhaoine Óga* (2007) – doiciméad beartais Oifig an Aire Leanaí, a rinne cur síos garbh ar an straitéis le háiseanna áineasa a fhorbairt agus a fheabhsú do dhaoine óga.

3.3 Bearnaí/Réimsí a bhfuil Fócas/Scrúdú Nua de dhíth orthu

D'amharc an t-athbhreithniú ar **Branching Out** go grinn ar na moltaí a bhí i dtuarascáil 1998; mheas sé ar cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach nó nár cuireadh i bhfeidhm iad ar chor ar bith agus d'aithin na gnéithe sin de sheirbhís na leabharlann poiblí a bhfuil forbairt de dhíth orthu fós, chomh maith le bearnaí sa tseirbhís a tharla sa tréimhse sin agus a gcaithfear tabhairt fúthu anois.

Tugann **Branching Out – Future Directions** faoi fhorbairtí leabharlainne san am atá le teacht faoi cheithre theideal leathana agus maidir leis na sainmholtaí in **Branching Out:**

- Rochtain (airgeadra, fisiceach agus sóisialta),

- Nuálaíocht agus Príomhshruthú (lena chinntiú go scaipfear an tairbhe a thagann as tionscadail rathúla phíolóta agus taighde ar fud sheirbhís na leabharlann poiblí)

- Líonrú agus Comhoibriú (le tabhairt níos fearr faoi na baic fhisiceacha agus shóisialta trí theagmháil a dhéanamh le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais) agus

- Margaíocht (le seirbhís na leabharlann poiblí a chur chun tosaigh níos fearr ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta).

3.3.1 Rochtain

Bíonn dúshlán roimh leabharlanna i gcónaí maidir le seirbhís a sholáthar atá ar aon dul le hÉirinn mar atá sí anois. Tá siad ag pleanáil seirbhísí agus ag cuidiú le taithí léitheoireachta a fheabhsú agus ag freagairt do na dóigheanna difriúla a n-úsáideann daoine leabharlanna. Baineann daoine úsáid as leabharlanna lena ríomhphost a sheiceáil nó le taighde a dhéanamh ar an Idirlíon; le staidéar a dhéanamh i gcúinne ciúin nó le freastal ar chaint nó ar léamh; lena mBéarla nó scileanna teanga eile a fheabhsú, chomh maith le nó in áit leabhair nó rudaí nach iad a fháil ar iasacht.

Ní gá dóibh bheith ina mbaill den leabharlann leis an gcuid is mó de na seirbhísí a úsáid. Tá gá le féachaint cé chomh maith agus a

chuireann foirgnimh leabharlainne timpeallacht dheas ar fáil a mheallfaidh úsáideoirí, agus cé chomh fada agus a chuireann siad solúbthacht agus rogha ar fáil, ag freastal ar áiseanna pobail agus cultúrtha gan teacht salach ar riachtanais an úsáideora aonair, ag féachaint don rochtain do chách. Bíonn an chuid is mó de na seirbhísí poiblí ag déanamh athbhreithnithe ar bheartais rochtana an chustaiméara, agus ní taise do sheirbhís na leabharlann poiblí.

Rochtain (Airgeadas)

Cé go bhfuil roinnt foirgneamh den scoth curtha ar fáil ag Clár Caipitil na Leabharlann Poiblí le linn na tréimhse, bhí an dul chun cinn níos fadálaí ná mar a bhíothas ag dúil leis. Tá roinnt cúiseanna chuige seo aitheanta ag an athbhreithniú ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Ar an leibhéal áitiúil, bhí siad seo ar chuid de na deacrachtaí: suímh oiriúnacha a aithint agus a fháil, fadhbanna pleanála, moill ar phleananna a chur ar fáil, costais ag ardú, gan a bheith sásta nó gan a bheith ábalta airgead comhoiriúnaithe a chur ar fáil, easpa gluaiseachta i roinnt réimsí. Ar an leibhéal náisiúnta, tá na treoirlínte ar infheistíocht i mbonneagar na leabharlann poiblí a moladh sa tuarascáil fós le críochnú.

Is é an dúshlán anois ná íomhá a nochtadh den tseirbhís nua-aoiseach trí na foirgnimh nua agus na foirgnimh a bhí ann cheana, trí:

- an líonra cuimsitheach de bhonneagar leabharlainne a tosaíodh faoi **Branching Out** a leathnú;
- forbairt níos iomlánaithe a spreagadh ar na leabharlanna mar chuid de sholáthar seirbhísí níos leithne an údaráis áitiúil i gcomhthéacs na n-ealaíon, an chultúir, na n-áiseanna agus an áineasa;
- Foinsí nua infheistíochta caipitil a fhiosrú (maoiniú den earnáil phríobháideach lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideacha agus ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha);
- Cáilíocht an bhonneagair atá ann faoi láthair a iniúchadh agus tabhairt faoi cheist na foirgnimh leabharlainne atá uireasach, deacair a rochtain, seanfhaiseanta nó lonnaithe in áit nach bhfuil oiriúnach;
- Feabhas leanúnach ar réimse agus ar cháilíocht an stoic a chinntiú;
- Beartas forbartha cnuasaigh a fhorbairt; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na muirir a ghearr údaráis áitiúla.

Rochtain (Fisiceach)

Chuir Branching Out béim ar na deacrachtaí a bhíonn ag daoine a bhfuil míchumas fisiceach acu agus foirgnimh agus trealamh leabharlainne á rochtain acu, agus ag daoine a bhfuil míchumas foghlama acu ag rochtain seirbhísí leabharlainne. Rinneadh a lán rudaí san idirlinn leis na fadhbanna seo a réiteach *m.sh*.

- bíonn gach leabharlann nua ag comhlíonadh na Rialachán Tógála 1997-2006, go háirithe maidir le Cuid M (Rochtain do Dhaoine a bhfuil Míchumais Orthu);
- Cuireadh áiseanna scanta optúil, agus na bogearraí a théann leo, ar fáil i 95 leabharlann ar fud an náisiúin, le cuidiú le daoine a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu,
- tá méadú de 25% tagtha ar na huaireanta oscailte.

I **Branching Out –Future Directions,** is é an dúshlán a bheidh ann ná foirgnimh leabharlainne poiblí (lena n-áirítear leabharlanna soghluaiste) agus seirbhís na leabharlann poiblí a dhéanamh níos inrochtana don phobal ar fad, trí

- Tionscadail mholta agus seirbhísí molta leabharlainne a mheas i dtéarmaí daonra agus forbairtí déimeagrafacha;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonneagar agus ar sheirbhísí na leabharlann atá ann faoi láthair i gcomhthéacs an Achta um Míchumas, 2005, na pleananna earnála don Rialtas Áitiúil, Treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, *Library Access* (2003), *Making Access Happen* (2004) agus *Making it Work for You* (2004);
- Uaireanta oscailte a leathnú agus a fheabhsú;
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar bhonneagar TFC.

Rochtain (Shóisialta)

Is é an dúshlán i **Branching Out – Future Directions** ná tabhairt faoi réimse níos leithne agus níos sainiúla de cheisteanna faoi theidil na rochtana cothroime, ach gan an leithlisiú tíreolaíoch, sóisialta agus eacnamaíoch a fhágáil as an áireamh san am céanna.

- leithlisiú tuaithe agus uirbeach i gcomhthéacs na tuarascála Taobh Tíre agus ag tarraingt ar thorthaí Dhaonáireamh 2006;
- Imeascadh na bpobal inimirceach i gcomhthéacs na tuarascála *Meeting the Challenges of Cultural Diversity*: *a report on the role of public libraries in Ireland* (2007);
- Próifíl aoise úsáideoirí leabharlainne le tagairt ar leith do dhaoine óga agus do dhaoine aosta;
- Míbhuntáiste maidir le tacaíocht do leanaí agus do dhéagóirí;
- Litearthacht;
- Teacht ar an idirlíon; agus
- Oiliúint foirne.

3.3.2 Nuálaíocht agus Príomhshruthú

D'aithin **Branching Out** an gá le taighde a dhéanamh i ngach gné de sheirbhís na leabharlann poiblí agus mhol sé go bhforbrófaí Clár Taighde na leabharlann poiblí agus go gcuirfí Ciste Taighde na leabharlann poiblí ar bun. Cé gur cuireadh an dá mholadh seo i bhfeidhm agus go ndearnadh méid suntasach taighde, is é an dúshlán a bheidh roimh **Branching Out – Future Directions** ná forbairt breise a dhéanamh ar chultúr an taighde maidir le seirbhís na leabharlann poiblí trí:

- Creat taighde a fhorbairt, lena n-áirítear samplaí de thionscadail fhéideartha taighde;
- Bunachar sonraí de thionscadail taighde leabharlainne a fhorbairt; agus
- A chinntiú go leanfar leis an maoiniú.

D'fhéadfadh cur i bhfeidhm agus príomhshruthú thorthaí na taighde a bheith ina dhúshlán mór ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon – curtha in oiriúint do thosca áitiúla de réir mar is gá.

3.3.3. Líonrú agus Comhoibriú

Bhí dul chun cinn maidir leis an gcomhoibriú idir leabharlanna agus eagraíochtaí eile – mar shampla, forbraíodh Joining Forces (2000), straitéis náisiúnta ar an gcomhoibriú, rinneadh forbairt bhreise ar an tseirbhís www.borrowbooks.ie, agus rinneadh leathnú ar an Euro-Focus on The Cultural Heritage leis an dóigh a bhfuil cartlanna, iarsmalanna agus leabharlanna ag teacht le chéile san aois dhigiteach a léiriú.

Tá seirbhís na leabharlann poiblí forbartha thar am le róil eile a chuimsiú agus tá athnuachan déanta aici ar sheanluachanna Carnegie.Is é an dúshlán a bheidh ann i **Branching Out –Future Directions** ná forbairt níos faide a dhéanamh ar líonra teagmhálacha le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha

3.3.4 Margaíocht

Ghlac **Branching Out** leis go raibh feabhsúcháin shuntasacha de dhíth maidir leis an mbealach a ndéantar cur chun tosaigh agus margaíocht ar leabharlanna. Rinneadh dul chun cinn áirithe maidir leis seo ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil araon.

Ag an leibhéal náisiúnta, rinneadh an suirbhé PLUS agus an suirbhé Neamh-Úsáideora le dearcadh an phobail i leith sheirbhís na leabharlann poiblí a chinntiú. Seoladh roinnt feachtas margaíochta a bhí dírithe ar ghnéithe sainiúla nó ar sheirbhísí nua, m.sh.

READiscover, www.askaboutireland.ie agus www.borrowbooks.ie.

Ag an leibhéal áitiúil, tá roinnt próifiliú pobail agus suirbhéanna fócasaithe úsáideora déanta ag údaráis leabharlainne m.sh. úsáid an Idirlín. Go ginearálta, bíonn caidreamh maith oibre ag na húdaráis leabharlainne lena stáisiúin áitiúla raidió agus na nuachtáin áitiúla, a chlúdaíonn nuacht agus a thuairiscíonn imeachtaí sa leabharlann, m.sh. cuairteanna ó údair, gníomhaíochtaí agus comórtais. Tá sé le tuiscint ó na táscairí reatha do leabharlanna go bhfuil grúpaí áirithe ann nach sroicheann an tseirbhís iad.

I gcomhthéacs sochaí atá ag athrú go gasta, sochaí atá níos saibhre, atá ilchultúrtha agus a bhfuil ionchas agus luachanna na ndaoine ag síorathrú inti, agus a bhfuil bealaí nua inti chun faisnéis a rochtain agus a sholáthar, caithfidh an leabharlann phoiblí iniúchadh a dhéanamh ar a híomhá thraidisiúnta agus ar a seirbhísí traidisiúnta ionas go n-amharcfaidh úsáideoirí féideartha uirthi mar rud tábhachtach, ábhartha. Cé go mbíonn dearcadh dearfach ag an gcuid is mó de na daoine in Éirinn i leith na leabharlann inniu, tá a lán daoine nach n-amharcann ar na leabharlanna mar chuid thábhachtach nó ábhartha dá saol.

Is é an dúshlán a bheidh ann i **Branching Out – Future Directions** ná straitéis mhargaíochta a fhorbairt

- lena fhiosrú cad é a chuirfeadh ina luí ar níos mó daoine gur cuid ábhartha, úsáideach dá saol iad na leabharlanna;
- le leabharlanna a lonnú san áit a bhfeictear iad mar lárionaid don phobal agus mar ionad teagmhála leis an údarás áitiúil, leis an rialtas láir agus le seirbhísí cultúrtha.

Caithfear tabhairt faoi na dúshláin a aithníodh faoi na ceithre théama leathana seo ar dhóigheanna praiticiúla le tosaíochtaí don am atá le teacht a aithint. Glacann na tosaíochtaí a aithníodh i gCaibidil 4 san áireamh a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain níos fearr ann ar fud na seirbhíse, chomh maith le nuálaíocht agus soláthar seirbhíse, líonrú mar bhealach le luach breise a chur ann agus leis an gcleachtas is fearr a scaipeadh agus margaíocht agus taighde leanúnach le taca a chur faoi ábharthacht na seirbhíse agus le treochtaí don am atá le teacht a aithint.

ceathair

4

Tosaíochtaí agus Moltaí
2008-2012

Aithníonn Caibidil 3 na dúshláin atá roimh sheirbhís na leabharlann poiblí agus í ag tosú ar chlár úr. Tabharfaidh an chaibidil seo faoi na dúshláin sin ar dhóigheanna praiticiúla trí thosaíochtaí a aithint don tréimhse suas go dtí 2012 agus moltaí sainiúla a fhorbairt faoi chúig theideal leathana – bonneagar, cáilíocht seirbhíse, seirbhís leabharlainne na scoileanna, leabharlanna mar lárionaid chultúir agus comhoibriú idir leabharlanna.

4.1 Bonneagar

Tosaíochtaí do 2008 - 2012

Tá 31 tionscadal leabharlainne poiblí san iomlán á dtógáil faoi láthair (lena n-áirítear leabharlanna soghluaiste atá ar ordú) nó críochnaithe le déanaí ach tá ceangaltais leantacha airgeadais orthu. Is é fuílleach na n-íocaíochtaí deontais atá le híoc ar na tionscadail sin fós ná €18 milliún. Tá 28 tionscadal eile le faomhadh faoi na cláir ilbhliantúla nach bhfuil ag céime na tógála fós. Tá ceangaltais deontais acu seo de €50.5 milliún.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí a bheidh ann sa tréimhse 2008 -2012 maidir le bonneagar leabharlainne a sholáthar:

- a chinntiú go gcríochnófar na 31 tionscadal atá á dtógáil faoi láthair go luath;
- athbhreithniú a dhéanamh ar thosú na dtionscadal eile;
- foinsí nua infheistíochta caipitil a iniúchadh (maoiniú ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear PPPanna agus ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha faoin Acht um Pleanáil agus Fhorbairt, 2000);
- clár ilbhliantúil tógála eile a fhorbairt agus creat ama insuite ann maidir le dul ar aghaidh chuig céim na dtairiscintí;
- an t-iniúchadh ar bhonneagar na leabharlann a chríochnú d'fhonn na leabharlanna a aithint (seachas na leabharlanna a bhfuil athsholáthar le déanamh orthu) ina bhfuil obair de dhíth lena chinntiú go mbeidh an réimse iomlán seirbhísí ar fáil do gach úsáideoir sa leabharlann, lena n-áirítear daoine a bhfuil míchumas orthu;
- cabhair dheontais a chur ar fáil d'oibreacha a aithníodh i mbonneagar na leabharlann;
- fiosrú a dhéanamh ar cabhair dheontais a chur ar fáil d'obair athchóirithe;
- foirgnimh leabharlainne a bhfuil tábhacht leo ó thaobh ailtireachta de a chosaint;
- cabhair dheontais a thabhairt le troscán, feistis, TFC agus leabhair a cheannach i bhfoirgnimh nua leabharlainne atá á gcur ar fáil ag údaráis leabharlainne gan mhaoiniú ón Státchiste.
- leanúint de bheith ag cur cabhair dheontais 100% ar fáil do leabharlanna soghluaiste agus veaineanna seachadta; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar nós imeachta na Roinne le haghaidh aighneachta ag údaráis leabharlainne maidir le moltaí don mhaoiniú faoi chlár caipitil na leabharlann poiblí.

Maidir le soláthar TFC, is iad na tosaíochtaí a bheidh ann ná:

- seirbhís na leabharlann poiblí a lonnú mar lárionad d'úsáid an Idirlín agus do thacaíocht sa phobal áitiúil;

- timpeallacht a chur ar fáil a chuirfidh ar a chumas freagairt sholúbtha a dhéanamh maidir le rochtain agus stóráil an ábhair dhigitigh atá ag dul i méid de shíor; agus

- seirbhís na leabharlann poiblí a chur i dtosach an eGovernment maidir le seirbhísí ar líne den údarás áitiúil a chur ar fáil.

Déanfar é seo trí thógáil ar thionscnaimh a forbraíodh le linn **Branching Out,** tríd an éagsúlacht shaibhir faisnéise atá ar fáil a dhéanamh níos fusa a rochtain agus agus í a nascadh le hacmhainní i bprionta.

Leanfaidh an Roinn ag tacú leis na rudaí seo a leanas a fhorbairt:

- tionscadail oiriúnacha TFC, lena n-áirítear tionscadail atá ann anois agus tionscadail nua;

- páirtnéireachtaí iomchuí maidir le TFC a fhorbairt; agus

- leanúint de bheith ag lorg mhaoiniú an Státchiste do thionscadail/forbairtí dá leithéid.

Maidir le feabhas a chur ar réimse agus cáilíocht an stoic, is iad na príorachtaí a bheidh ann ná:

- comhaontú a dhéanamh ar sprioc do chiste leabhar per capita;

- an sprioc comhaontaithe sin a nascadh leis an treoiruimhir praghasanna do thomhaltóirí

Moltaí

4.1.1 Molann an Grúpa Stiúrtha clár tógála ilbhliantúil eile a fhorbairt, a bhfuil creat ama insuite ann, chun dul ar aghaidh chuig céim na dtairiscintí. Leis seo, beifear in ann leanúint ar aghaidh leis an obair a tosaíodh faoi **Branching Out** ach ag féachaint do threochtaí déimeagrafacha ó shin agus an gá le tarraingt anuas an airgid a leithdháileadh a chinntiú go tráthúil. Cinnfear ar ráta an chúnaimh dheontais ar bhonn aonair, ag féachaint don mhaoiniú féideartha ó fhoinsí eile.

4.1.2 Mar aon leis an moladh ar an gclár tógála, molann an Grúpa Stiúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Roinne maidir leis an dóigh a gcuireann údaráis leabharlainne tograí maoinithe isteach faoi Chlár Caipitil na Leabharlann Poiblí.

4.1.3 Lena chinntiú go bhfuil an réimse iomlán seirbhísí ar fáil do gach úsáideoir leabharlainne (iad siúd a bhfuil míchumas acu san áireamh), molann an Grúpa Stiúrtha go ndéanfaí iniúchadh ar na leabharlanna atá ann faoi láthair agus ar sholáthar an chúnaimh dheontais le bheith mar bhonn agus mar thaca ag an obair atá riachtanach.

4.1.4 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart an clár caipitil atá ann faoi láthair a leathnú ionas go gcuirfear soláthar cúnamh deontais ar fáil ann do throscán, d'fheistis, do TFC agus do stoc i bhfoirgnimh nua leabharlainne atá á chur ar fáil ag údaráis leabharlainne, gan mhaoiniú ón Státchiste.

4.1.5 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart tógáil níos mó ar na tionscnaimh TFC a forbraíodh le linn Branching Out, rud a chuirfidh ar chumas daoine teacht níos fearr ar éagsúlacht shaibhir na faisnéise atá ar fáil anois ar an Idirlíon.

4.1.6 Lena chinntiú go mbeidh feabhas leanúnach ar réimse agus ar cháilíocht an stoic mar chomhchuid de bhonneagar na leabharlann, molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir dul chun cinn leanúnach a dhéanamh i dtreo sprioc per capita don chiste leabhar de €3.77 agus gur cheart an sprioc seo a nascadh leis an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí.

4.2 Cáilíocht na Seirbhíse

Tosaíochtaí do 2008- 2012

Is é cuspóir sheirbhís leabharlainne na n-údarás áitiúil ná seirbhís a sholáthar le freastal ar riachtanais an phobail. Faoi láthair, is baill den tseirbhís 21% den phobal. Sa chéad chlár eile, meastar go méadóidh an céatadán seo go dtí 30%. Cé gur laghdaigh ballraíocht na leabharlann ó 824,985 in 1998 go 778,421 in 2005 (na figiúirí is nuaí atá ar fáil), aithnítear nach léiríonn sé seo fíorleibhéil na húsáide ná nach gcuireann sé próifíl chruinn ar fáil d'úsáideoirí na leabharlann poiblí in Éirinn sa lá atá inniu ann. Le linn na tréimhse nua, léireoidh seirbhís na leabharlann úsáid mhéadaithe ag réimse leathan úsáideoirí, le rochtain ar líonra leathan a chuireann réimse cuimsitheach seirbhísí ar fáil, ag amanna is mó a oireann do riachtanais na n-úsáideoirí.

Soláthróidh údaráis leabharlainne rochtain mhéadaithe agus cuirfidh siad níos mó deiseanna ar fáil le seirbhísí leabharlainne a úsáid i bhformáidí éagsúla, go fisiceach i mbrainsí leabharlainne agus i leabharlanna soghluaiste agus go fíorúil trí an Idirlíon.

Tá sé le tuiscint ón leibhéal reatha úsáide nach bhfaigheann seirbhís na leabharlann na húsáideoirí go léir a thiocfadh léi. Bíonn dúshlán roimh na leabharlanna i gcónaí íomhá a chruthú dóibh féin atá ar aon dul le hÉirinn na linne seo agus aithnítear go gcaithfear modhanna níos fearr a fhiosrú le héagsúlacht na húsáide sa leabharlann phoiblí nua-aoiseach a thomhas mar is ceart.

Lena chois sin, sonraíonn *I dTreo 2016* go gcaithfidh an tseirbhís phoiblí nua-aoisiú a dhéanamh gan stad agus ag ráta níos gaiste ná riamh roimhe seo má tá sí le hionchais agus riachtanais na sochaí sofaisticiúla casta ilchineálaí seo a shásamh agus leagann sé amach na prionsabail don athrú eagraíochta agus na roghanna don soláthar seirbhíse a chuideoidh leis an nua-aoisiú agus leis an tsolúbthacht seo a bhaint amach.

Is iad seo an tosaíochtaí a bheidh ann don tréimhse 2008 -2012:

- measunú a dhéanamh ar cé chomh luachmhar is atá tomhas na húsáide, san áit a bhfuil sí á tomhas;
- amharc ar an modheolaíocht iomchuí le tomhas níos leithne a dhéanamh ar úsáideoirí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-uaireanta oscailte i ngach brainse;
- a chinntiú go bhfreagraíonn uaireanta oscailte na leabharlann do riachtanais an phobail agus do riachtanais chultúrtha, lena n-áirítear rochtain a chur ar fáil don phobal;

- réitigh nuálaíocha a fhorbairt i gcomhthéacs *I dTreo 2016* maidir le huaireanta oscailte a leathnú agus maidir le scileanna gairmiúla fhoireann na leabharlann a uasmhéadú d'úsáideoirí agus smaoineamh faoi shaorálaithe a úsáid;

- rochtain chothrom ar sheirbhísí leabharlainne a chur ar fáil mar fhreagairt ar thorthaí na suirbhéanna PLUS;

- beartas forbartha cnuasaigh a fhorbairt i ngach údarás leabharlainne;

- tógáil ar thionscnaimh rathúla sa chlár Changing Libraries agus cur ar chumas daoine teacht níos fusa agus níos fearr ar éagsúlacht shaibhir na faisnéise atá ar fáil ar an Idiríon, agus é nasctha le háiseanna i gcló;

- leanfaidh an Chomhairle Ealaíne agus na húdaráis áitiúla leis an ábhar bunaithe ar líne don staidéar áitiúil a fhorbairt;

- a chur ar chumas fhoireann na leabharlann a scileanna bainisteoireachta agus faisnéise a fhorbairt trí áiseanna de cháilíocht ard, trí fheabhsúcháin sa teicneolaíocht agus trí chláir oiliúna;

- le ról sheirbhís na leabharlann poiblí a leathnú san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus le hiarraidh ar sholáthróirí oideachais agus ar ghníomhaireachtaí eile an ról sin a aithint;

- triail phíolóta a dhéanamh ar mhodhanna don soláthar nuálaíoch seirbhíse agus iad a phríomhshruthú mar is iomchuí.

Moltaí

4.2.1 D'fhonn a chinntiú go meallfaidh seirbhís na leabharlann gach úsáideoir féideartha lena seirbhísí a úsáid, molann an Grúpa Stiúrtha measúnú a bheith déanta ar luach an dóigh a dtomhaistear úsáid na leabharlann faoi láthair agus mar aon leis sin, go bhforbrófaí modheolaíocht iomchuí leis an úsáid níos leithne a thomhas.

4.2.2 D'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar sheirbhísí leabharlainne ar bhonn cothrom, molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir do na húdaráis leabharlainne

- athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-uaireanta oscailte, ag tabhairt thorthaí na suirbhéanna PLUS san áireamh;

- réitigh nuálaíocha a fhorbairt le huaireanta oscailte a leathnú agus le scileanna gairmiúla fhoireann na leabharlainne a uasmhéadú d'úsáideoirí; agus

- triail a dhéanamh ar mhodhanna nuálaíocha chun seirbhís a sholáthar agus iad a thabhairt isteach sa phríomhshruth.

4.2.3 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart ról sheirbhís na leabharlann poiblí san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a leathnú agus gur cheart d'údaráis leabharlainne iarr ar sholáthróirí leabharlainne agus ar

ghníomhaireachtaí eile an ról sin a aithin, ionas go mbeidh siad ag teacht leis an gcur chuige 'saolré a aithníodh in I dTreo 2016.

4.2.4 Lena chinntiú gur féidir le foireann na leabharlann a n-acmhainn a chomhlíonadh, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart áiseanna den scoth, feabhsúcháin teicneolaíocha agus cláir oiliúna a chur ar fáil dóibh lena scileanna bainisteoireachta agus faisnéise a fhorbairt.

4.2.5 Molann an Grúpa Stiúrtha d'údaráis na leabharlann beartas forbartha cnuasach a fhorbairt.

4.3 Tosaíochtaí Sheirbhís

Leabharlainne na Scoileanna do 2008 - 2012

Faoi láthair, is iad na 32 údarás leabharlainne a chuireann seirbhísí leabharlainne ar fáil do na bunscoileanna. Íocann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tuairim is 34% den chostas trí deontas per capita do gach dalta a íoctar leis na húdaráis leabharlainne. Is iad na húdaráis áitiúla a íocann as an gcuid eile de na costais. Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil deontas 100% le híoc as veaineanna seachadta a bhfuil seilfeanna iontu a cheannach.

Moladh in **Branching Out** go ndéanfaí forbairt bhreise ar an tseirbhís seo. Ba é an Grúpa Stiúrtha a chuir Grúpa Oibre na Leabharlann Scoile ar bun, agus thuairiscigh an grúpa sin in 2002. Ghlaoigh Clár Taighde na leabharlann poiblí ar thograí le haghaidh taighde breise ar sheirbhís na leabharlann scoile in 2007 agus ghlac sé leis an togra An Leabharlann Phoiblí agus an Scoil ó Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath, a dhéanfaidh iniúchadh ar na seirbhísí ar féidir le leabharlanna a chur ar fáil le tacú leis an gcuraclam bunscoile.

Déanfaidh an tionscadal athbhreithniú ar thuarascálacha agus ar fhorbairtí a tharla le déanaí, lena n-áirítear an tuarascáil The *Borrowers at School* (2002), *The Model for a Schools Library Service Report* (2002), the School Library Demonstration Project agus Zón na nDaltaí ar www.askaboutireland.ie agus ábhar curaclaim eile bunaithe ar an ngréasán.

Faoin phlean gnímh DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools), déanfar comhoibriú níos mó ar cheisteanna an chuimsithe san oideachas idir sheirbhís na leabharlann poiblí agus an earnáil oideachais. Go sonrach, beidh seirbhís na leabharlann poiblí agus scoileanna agus cnuasaigh scoile/pobail scoile ag obair le chéile sa Chlár Tacaíochta Scoile faoi DEIS le cultúr léitheoireachta a chothú agus scileanna litearthachta a fhorbairt.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí don tréimhse 2008 - 2012

- leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta d'fhonn dul chun cinn níos faide a bhaint amach maidir le ról tacafochta sheirbhís na leabharlann poiblí a fhorbairt ar fud na n-earnálacha oideachais go léir;

- leanfaidh seirbhís leabharlainne na scoileanna de chuid na n-údarás áitiúil de bheith ag comhlánú bheartas na scoileanna maidir le scileanna litearthachta a fhorbairt; agus

- úsáid leantach acmhainní agus ábhar na leabharlann poiblí le tacú leis an obair churaclaim i scoileanna ag gach leibhéal.

Moltaí

4.3.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur chóir don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leanúint de bheith ag forbairt deiseanna comhoibritheacha leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun uasmhéadú a dhéanamh ar an tairbhe is féidir le leabharlanna poiblí a chur ar fáil le tacú leis an oideachas ar an mbunleibhéal, ar an meánleibhéal agus ar leibhéal na foghlama aosach leantaí.

4.3.2 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart don Roinn Oideachais agus Eolaíochta leibhéal reatha an deontais leis an tseirbhís leabharlainne scoile a sholáthar d'údaráis áitiúla a choinneáil mar atá agus más féidir, é a mhéadú.

4.4 Leabharlanna mar Lárionaid Chultúir

Tosaíochtaí do 2008 - 2012

Cuireann leabharlanna poiblí méid suntasach le cáilíocht bheatha a bpobal agus saibhríonn siad a mbeatha tríd an ábhar a sholáthraíonn siad agus an spás a chuireann siad ar fáil faoi choinne gníomhaíochtaí cultúrtha de gach cineál. Tá cumas iontach ag leabharlanna le teagmháil a dhéanamh le gach duine: mar spáis chultúrtha don phobal; mar acmhainní don chur in iúl cultúrtha; mar chuimhne chomhchoiteann; mar ghníomhairí leis an gcuimsitheacht chultúrtha a éascú; agus mar spáis le tír a chruthú atá ilchultúrtha i bhfírinne. Bíonn ócáidí cultúrtha m.sh. léitheoireachtaí, taispeántais agus cainteanna ag cothú an chuir in iúl cultúrtha sa cheantar áitiúil; tógann siad ar chroíscileanna na leabharlann chun an léitheoireacht a chur chun cinn, chun an tsaoirse intleachtúil a chothú agus chun an fhoghlaim neamhspleách ar feadh an tsaoil a éascú.

Maidir le spáis chultúrtha don phobal, beidh siad seo mar thosaíochtaí don tréimhse 2008 - 2012:

- féachaint ar fhoirgnimh leabharlainne níos sine a athchóiriú agus a leathnú d'fhonn spás cathartha compordach úr a chruthú;

Maidir le háiseanna don chur in iúl cultúrtha a dhéanamh de leabharlanna, is iad seo a leanas na tosaíochtaí:

- réimse agus cuimsitheacht na gcnuasach leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú agus infheistíocht ó údaráis leabharlainne san áis seo a mhéadú;

- le tacú leis an bhfoghlaim luathbhlianta agus le cur in iúl cultúrtha na ndaoine óga, trína chur i dteagmháil le saol na n-ealaíon, agus le hoidhreacht béaloidis agus ábharach a bpobal, trí chláir agus imeachtaí a chur i bhfeidhm, mar thaispeántais d'obair na leanaí féin, drámaíocht leanaí agus imeachtaí ceoil, cláir léitheoireachta, Féile Leabhar na Leanaí, cuairteanna ó údair agus scéalaíocht;

- níos mó airde a thabhairt do dhéagóirí agus d'aosaigh óga, agus spáis a chur ar fáil sa leabharlann atá dírithe ardhéagóirí, atá compordach agus fócasaithe ar dhéagóirí agus inar féidir leo obair bhaile a dhéanamh, an tIdirlíon a úsáid, ceol a sheinm, cluichí ríomhaire agus ficheall a imirt agus bheith páirteach i dtráth na gceist liteartha srl. agus bheith i gcuideachta a gcairde i ndiaidh na scoile;

- léitheoireacht agus scileanna tuisceana a chothú trí straitéisí forbartha léitheora a chumadh agus a chur i bhfeidhm, amhail an clár READiscover;

- réimse na gclár cultúrtha a fhorbairt agus a fheabhsú do dhaoine fásta, lena n-áirítear tacaíocht do chumainn leabhar, do chainteanna ag am lóin agus san oíche, cuairteanna rialta ó údair, féilte liteartha agus cultúrtha, ceolchoirmeacha srl. agus

- bheith ag forbairt leo ar thionscnaimh rathúla chun seirbhísí a chur ar fáil do phobail ilchultúrtha.

Maidir le ról na leabharlann mar chuimhne chomhchoiteann an chontae agus na cathrach, tabharfar tús áite don mhéid seo a leanas:

- ábhar staidéir áitiúil a bhailiú agus a chur ar fáil i ngach formáid, ag coinneáil taifid de na hathruithe inár mbailte, ár gcathracha agus ár bpobail;

- bheith ina lárionad don staidéar áitiúil, ag cur tuisceana ár bpobail chun tosaigh go díograiseach trí na hacmhainní agus trí staidéar a dhéanamh ar an stair agus ar an gcultúr áitiúil;

- na gabháltais ar suímh ghréasáin na leabharlann agus ar www.askaboutireland.ie a thaispeáint don phobal;

- ag cur fáilte roimh an spéis mhéadaithe in ábhar staidéir áitiúil agus ag freastal ar an éileamh sin, agus ag obair go dlúth leis na scoileanna le hábhair a fhorbairt don obair thionscadail sna curaclaim agus iad ag forbairt;

Maidir le leabharlanna agus cuimsitheacht chultúrtha, is iad seo a leanas na tosaíochtaí;

- méadú leantach a dhéanamh ar an réimse seibhísí a chuirtear ar fáil do na 'hÉireanaigh nua' – inimircigh agus lucht iarrtha tearmainn san áireamh. Cuirfidh leabharlanna spás ar fáil le Béarla a fhoghlaim, chomh maith le hábhar foghlama teanga, leabhair agus meáin eile, agus réimse nuachtán agus irisleabhar i dteangacha iasachta, i bhfoirm prionta agus tríd an Idirlíon.

- a chinntiú go léiríonn rogha an stoic éilimh na bpobal nua, bunaithe ar phrionsabal an idir-chultúrachais agus an imeasctha – daoine ó chultúir difriúla ina gcónaí le chéile le cómheas agus go síochánta – agus gan dearmad a dhéanamh ar an ngá le hábhair sna máthairtheangacha ábhartha agus ar na cultúir ábhartha as a ar tháinig siad, agus ar an riachtanas an Béarla a fhoghlaim.

Moltaí

4.4.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart d'údaráis leabharlainne a n-acmhainn a fhorbairt san fhíorshaol agus ar líne mar sholáthróirí spás cultúrtha don phobal; mar chuimhne chomhchoiteann; mar ghníomhairí a chuidíonn leis an gcuimsiú sóisialta; agus mar spáis ilchultúrtha trí chláir chultúrtha agus ócáidí cultúrtha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

4.4.2 Nasctha leis na moltaí ag 4.1 agus 4.2 maidir le stoc, ach i dtéarmaí na n-acmhainní don fhorbairt chultúrtha, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart réimse agus cuimsitheacht

na gcnuasach leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú agus gur cheart d'údaráis leabharlainne níos mó infheistíochta a dhéanamh san acmhainn seo.

4.5 Comhoibriú Leabharlainne

Tosaíochtaí do 2008 - 2012

Ar na tosaíochtaí beidh an comhoibriú Thuaidh/Theas a leanúint trí COLICO agus feabhas níos mó a chur ar an gcomhoibriú laistigh de na húdaráis áitiúla, idir údaráis leabharlainne agus le heagraíochtaí eile. Is é a bheidh i gceist anseo ná:

- ag tabhairt faoin gcomhoibriú laistigh d'údaráis áitiúla maidir leis an oideachas, na réimsí cultúrtha níos leithne agus leibhéal éagothrom na seirbhíse ar fud na n-údarás;
- forbairt bhreise ar www.borrowbooks.ie;
- ar an leibhéal Eorpach, comhoibriú le tionscnamh na Roinne Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta leis na cláir ábhartha dhigitithe a chomhordú ar leibhéal náisiúnta agus le tacú le comhordú an digitithe Eorpaigh agus freagairt do ghlaonna ar thaighde ón AE; agus
- Comhoibriú leantach ar ghnóthaí Thuaidh/Theas trí COLICO.

Cé go raibh grúpa sainiúil moltaí i **Branching Out** maidir leis an gcomhoibriú, is tábhachtach a thuiscint go raibh gá le comhoibriú níos leithne le roinnt comhlachtaí agus grúpaí éagsúla mar gheall ar fhorbairtí sa tréimhse seo maidir le roinnt rudaí, agus leanfaidh an comhoibriú seo nuair is iomchuí.

Moltaí

4.5.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart comhoibriú níos mó a bheith ann idir údaráis áitiúla ar an oideachas agus ar limistéir chultúir níos leithne lena chinntiú go mbeidh leibhéal cothrom i soláthar na seirbhíse ar fud na núdarás.

4.5.2 Molann an Grúpa Stiúrtha do na húdaráis leabharlainne a straitéisí ar an gcomhoibriú a chomhlánú, rud a chuirfidh ar a gcumas na straitéisí indibhidiúla a ionchorprú sa straitéis náisiúnta a leagadh amach i *Joining Forces* (2002).

4.5.3 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart leanúint leis an gcomhoibriú ar chúrsaí Thuaidh/Theas trí COLICO agus, ag leibhéal Eorpach, digitiú a chomhordú trí The Euro-Focus on The Cultural Heritage, rannpháirtíocht i nGrúpa Saineolaithe na mBallstát agus i dtionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha eile.

4.6 Margaíocht agus Taighde

Tosaíochtaí do 2008 - 2012

Tosaíochtaí do 2008 - 2012

I gcomhthéacs sochaí atá ag athrú go gasta, sochaí atá níos saibhre, atá ilchultúrtha agus a bhfuil ionchas agus luachanna na ndaoine ag síorathrú ann, agus le modhanna nua chun faisnéis a rochtain agus a sholáthar, caithfidh an leabharlann phoiblí iniúchadh a dhéanamh ar a híomhá thraidisiúnta agus a seirbhísí traidisiúnta ionas go n-amharcfaidh úsáideoirí féideartha uirthi mar rud tábhachtach, ábhartha. Cé go mbíonn dearcadh dearfach ag an gcuid is mó de na daoine in Éirinn i leith na leabharlann inniu, ní fheictear iad mar chuid thábhachtach nó ábhartha i mbeatha a

lán daoine. Is í an tosaíocht is mó a bheidh ann ná

- a fhiosrú cad iad na rudaí a chuirfeadh ina luí ar níos mó daoine gur cuid ábhartha úsáideach dá saol iad na leabharlanna poiblí

- leabharlanna a lonnú ionas go bhfeictear iad mar phointí fócais don phobal agus mar phointí teagmhála le rialtas áitiúil, leis an rialtas láir agus le seirbhísí cultúrtha.

Maidir le taighde agus cur i bhfeidhm, is é seo an tosaíocht:

- lena chinntiú go ndéanfar príomhshruthú ar thorthaí na dtionscadal taighde a rinneadh le linn **Branching Out;** agus

- creat don taighde agus bunachar ar thionscadail taighde leabharlainne a fhorbairt.

Moltaí

4.6.1 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart straitéis mhargaíochta a fhorbairt lena fhiosrú cad é a chuirfeadh ina luí ar dhaoine gur cuid ábhartha úsáideach dá saol í seirbhís na leabharlann.

4.6.2 Molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart leanúint ar aghaidh le Clár Taighde na Leabharlann Poiblí (ag leibhéal atá le haontú) agus le béim níos láidre ar scaipeadh thorthaí an taighde agus ar a gcur i bhfeidhm.

4.6.3 I gcomhthéacs na sochaí seo atá ag athrú go gasta, molann an Grúpa Stiúrtha gur cheart do na leabharlanna poiblí pointí lárnacha don phobal agus pointí teagmhála chuig an údarás áitiúil, chuig an rialtas láir agus chuig seirbhísí cultúrtha a dhéanamh díobh féin.

Tógfar na moltaí nua ar an dul chun cinn suntasach atá déata cheana féin faoi **Branching Out**, agus beidh díograis leanúnach ó gach páirtí de dhíth lena gcur i bhfeidhm, chomh maith le leibhéil imleor foirne agus solúbthacht agus athrú leanúnach maidir le soláthar seirbhísí.

cúig

Aguisíní

5

AGUISÍN I

Moltaí agus Éachtaí 1998 - 2007

Moltaí ó Branching Out 1998	Éachtaí 2007
Catagóir 1 An gá le seirbhís leabharlainne níos fearr a sholáthar le freastal ar na hathruithe i sochaí na hÉireann trí: • **Uaireanta oscailte níos fearr a fhorbairt.**	**Uaireanta oscailte comhiomlána -** méadú 25% ó 1998 go 2005 (7,761 uair an chloig go 9,723). **Oscailt ag am lóin** – suas ó 100 (31% de na leabharlanna) go 162 (46%) ó 1998-2004. **Oscailt san oíche** (oíche amháin ar a laghad sa tseachtain), suas ó 261 (80% de na leabharlanna) go 295 (84%) ó 1998-2004. **Oscailt ag an deireadh seachtaine** suas ó 208 (64% de leabharlanna) go 262 (75%) ó 1998-2004. Ba 25% de na huaireanta iomlána **Uaireanta san oíche agus ag an deireadh seachtaine**, 2,403 uair oscailte nó 25% den iomlán (2004). **Gnáthlá** – 17% de leabharlanna oscailte i ndiaidh 5i.n. agus 12% i ndiaidh 6i.n. (2004).
• **Infheistíocht a dhéanamh i bhfoireann na leabharlann.**	**Leibhéil foirne** – suas ó 1,301 in 1998 go 1,649 i 2005 (+27%). **Oiliúint** – An Buanchoiste ar Oiliúint d'Fhoireann na Leabharlann Poiblí a cuireadh ar bun in 2001. **Cúrsaí** a eagraíodh – 19. **Áiteanna a tógadh** – 900 (82% de na háiteanna a cuireadh ar fáil). Oiliúint Shainiúil maidir le Tionscadail na **Sochaí Faisnéise** – oiliúint san Idirlíon do 750 ball foirne in 2001,oiliúint ar an digitiú agus ar mhodhanna foilsithe ar an Idirlíon tugtha in 31 údarás leabharlainne, oiliúint ar mhodhanna taighde do 22 ball foirne.
• **Comhionannas rochtana ar sheirbhísí leabharlainne a fheabhsú;**	Tuarascálacha *Access for All agus Making Access Happen* **Tionscadail taighde** – Taobh Tíre, Libraries and Cultural Diversity. **Tionscadail de chuid Chiste Shochaí na Faisnéise** - Agora, *Virtual Communities.*

Moltaí ó Branching Out 1998	Éachtaí 2007
• **Seirbhísí speisialaithe a fheabhsú**	Cuiread **Áiseanna Scanta Optúil** isteach in 95 leabharlann phoiblí, rud a thugann rochtain chomhionann do dhaoine a bhfuil lagú radhairc acu ar an Idirlíon.
• **Seirbhísí faisnéise i leabharlanna a fheabhsú;**	**Clár Taighde na leabharlann poiblí** Tionscadal a rinne Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar na seirbhísí faisnéise a iniúchadh le fócas ar leit ar an eGovernment.
• **Seirbhísí foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt.**	• An Páipéar Bán ar an Oideachas Aosach. • Taskforce on Lifelong Learning Aighneacht ó An Chomhairle Leabharlanna chuig na Ranna ábhartha Rialtais.
Catagóir 2 An gá le bonneagar imleor a chur ar fáil – líonra de phointí seirbhíse atá nua-aoiseach, le trealamh ceart agus le foireann cheart iontu a chlúdaíonn an tír ar fad, a chinnteoidh go mbeidh ról ag leabharlanna i sochaí na faisnéise. • **Infheistíocht sa bhonneagar**	**72** foirgneamh leabharlainne (tógtha, á dtógáil nó á bpleanáil). **20** fógartha roimh 1999 (17 leabharlann bhrainse agus 3 CC). **52** fógartha i ndiaidh1999 (45 leabharlann bhrainse agus 7 CC). **52** i bhfeidhm anois (45 leabharlann bhrainse agus 7 CC). **20** leabharlann fós le **25** Veaineanna fógartha Rochtain Idirlín **Ríomhairí Deontasmhaoinithe** Leabharlann **Uathoibriú maoinithe** **Caiteachas DoEHLG** – 1999 – 2007 Caipiteal €91.918m. TIC €12.095m. **Maoiniú na nÚdarás Áitiúil** Caiteachas measta reatha na n-údarás áitiúil 1998 - €47.2m (€13.00 per capita). Caiteachas measta reatha na n-údarás áitiúil 2007 - €117.9m (€27.81 per capita). Caiteachas iomlán táirgeachta na nÚdarás Áitiúil 1998–2005 €92.89 m. Caiteachas iomlán táirgeachta na nÚdarás Áitiúil 1998–2005 €71.35 m.

Moltaí ó Branching Out 1998	Éachtaí 2007
Catagóir 3 An gá le modhanna nua a fhorbairt don soláthar seirbhíse ionas go mbeidh rochtain chothrom ag ceantair a bhfuil daonra íseal iontu agus pobail iargúlta eile ar sheirbhísí leabharlainne go costas-éifeachtach.	**Tionscadal Taighde** Taobh Tíre a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall, a bhfuil cur síos air i gCaibidil 2.
Catagóir 4 An gá le réimse agus cáilíocht an stoic a fheabhsú.	Mhéadaigh glanchaiteachas na n-údarás áitiúil ar stoc idir 1998 agus 2007 (ó €5.8m go €13.6m). Mhéadaigh caiteachas per capita ó €1.61 go €3.20.
Catagóir 5 An gá le margaíocht áitiúil agus náisiúnta sheirbhísí na leabharlann a fheabhsú.	Suirbhéanna ar Shuirbhé ar Úsáideoirí na Leabharlann Poiblí (PLUS) 2002 agus 2007 Suirbhé ar Neamhúsáideoirí Tionscadal margaíochta
Catagóir 6 An gá leis an gcomhoibriú idir leabharlanna agus eagraíochtaí eile a fheabhsú.	Clár cothaithe READiscover www.lifesteps.ie www.borrowbooks.ie Tuarascáil Joining Forces, 2000. The Euro-Focus on The Cultural Heritage. www.culturenet.ie Europe Direct Relays. MinervaPlus. Nascanna le RTÉ, Amharclann na Mainistreach, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Grúpa Taighde na nDaonnachtaí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta don Litearthacht Aosach, Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, an tÚdarás Comhionannais, Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta, an Leabharlann Náisiúnta, Cumann Leabharlann na hÉireann, Leabharlann na Breataine.

Moltaí ó Branching Out 1998	Éachtaí 2007
Catagóir 7 An gá le seirbhísí leabharlainne scoile a fheabhsú.	**Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Sheirbhís Leabharlainne na Scoileanna.** Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh. Demonstration Library Project. DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools)
Catagóir 8 An gá leis an leabharlann a fhorbairt mar lárionad cultúir.	D'fhiosraigh 4 thionscadal píolóta an bealach leis an léitheoireacht agus na healaíona a chur chun tosaigh sna leabharlanna poiblí. Tionscadal na hOidhreachta Cultúrtha 2002 – go dtí seo. An Straitéis Náisiúnta Dhigitithe www.askaboutireland.ie
Catagóir 9 An gá leis an tseirbhís a fheabhsú trí thaighde leabharlainne.	Bunaíodh ciste taighde na leabharlann poiblí in 2002 le maoiniú comhoiriúnaithe ón Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na hÚdaráis Áitiúla. Taobh Tíre. Leabharlanna agus Éagsúlacht Chultúrtha. Margaíocht do leabharlanna poiblí. eGovernment.

Access (Arts and Culture Capital Enhancement Support Scheme) Programme. An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 2001-2004

The arts, cultural inclusion and social cohesion. Baile Átha Cliath: Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta, 2007. (tuarascáil NESF; 35)

Arts and the magic of the word: a report by the Public Library and the Arts Committee. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Leabharlanna; An Chomhairle Ealaíon, 1999. ISBN: 1-873512-04-X.

Ask about Ireland website
www.askaboutireland.ie

Barcelona declaration.
www.bcn.es/ciutatdisminucio/angles/a_dec02.html

BorrowBooks website
www.borrowbooks.ie

Borrowers at school: a report on primary school libraries. Baile Átha Cliath: Cumann Leabharlann na hÉireann, 2002. ISBN: 0-946037-40-X

Branching out: a new public library service. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1998. ISBN: 0-7076-6174-9
http://www.librarycouncil.ie/publications/documents/BranchingOut_report.pdf

Building a capacity for change: lifelong learning in the Information Society. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Sochaí Faisnéise, 1999. ISBN:0707662222

Building an inclusive society: review of the National Antipoverty Strategy under the Programme for Prosperity and Fairness. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, 2002.

Building Regulations: Technical Guidance Documents. An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2005.ISBN: 0707637708

Daonáireamh 2006: Réamhthuarascáil, An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2006. ISBN: 0755771451
www.cso.ie

Changing the schedules: a survey of public library opening hours, 2004. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Leabharlanna, 2004.

Culture Net website
www.culturenet.ie

DEIS: Delivering equality of opportunity in schools): an action plan for educational inclusion. Baile Átha Cliath: an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005.

An tAcht um Míchumas, 2005 : Tithe an Oireachtais, 2005. ISBN: 0755797568

Delivering more: interlending and document supply through Irish libraries. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Leabharlanna, 2002.

eGovernment : more than an automation of government services. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Sochaí Faisnéise, 2003.

eInclusion: expanding the Information Society in Ireland / Susan O'Donnell [agus daoine eile]. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Sochaí Faisnéise, 2003.

Europe Direct website
www.europedirect.ie

Extending our welcome: public library opening hours in Ireland.
Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2002.

Joining forces: delivering libraries & information services in the information age. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 1999. ISBN: 1-873512-03-1

The Junior Certificate School Programme Demonstration Library Project final report. Dublin: JCSP Support Services, 2005. ISBN: 0 946791 27 9,

Learning for life: White Paper on Adult Education / Department of Education and Science. Dublin: Stationery Office, 2000.

Library access. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna; The Equality Authority, 2003.

Lifesteps website
www.lifesteps.ie

Making access happen. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna; The Equality Authority, 2004.

Meeting the challenges of cultural diversity: a report on the role of public libraries in Ireland. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2007. ISBN: 978-873512-36-4

New connections: a strategy to realise the potential of the Information Society: government action plan 2002. Dublin: Government Publications, 2002.

Our cultural heritage: building the gateway. Dublin: *An Chomhairle Leabharlanna, 2004.* ISBN: 1-873512-11-2

Our cultural heritage: a strategy for action for public libraries. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2003. ISBN: 1-873512-08-2

Planning and Development Act 2000: Houses of the Oireachtas, 2000. ISBN: 0707687241

Programme for prosperity and fairness. Dublin: Stationery Office, 2000. ISBN: 0707664381

Public library user survey, 2002: a summary report. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2002.
http://www.librarycouncil.ie/publications/pdf/Library Council Public Library User Survey 2002.pdf

A public space for all: use and non-use of public libraries. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2003.

READiscover programme
www.library.ie/readiscover/

Report of the Commission on the Status of People with disabilities: a strategy for equality. Dublin: Stationery Office, 1996.

Report of the Taskforce on Lifelong Learning / Department of Enterprise, Trade & Employment. Dublin: Stationery Office, 2002.

A review of Branching Out: report of a conference held on 28th and 29th November 2002, Tower Hotel, Waterford. Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2002.

Service indicators in local authorities, 2004 / report to the Minister for the Environment, Heritage and Local Government... Dublin: Local Government Management Services Board, 2005.

Service indicators in local authorities, 2005 / report to the Minister for the Environment, Heritage and Local Government... Dublin: Local Government Management Services Board, 2006.

Service indicators in local authorities, 2006 / report to the Minister for the Environment, Heritage and Local Government... Dublin: Local Government Management Services Board, 2007.

Strategy 2006: people, productivity and purpose. Dublin: National Economic and Social Council, 2005.

Sustaining progress: social partnership agreement 2003-2005 / Department of An Taoiseach. Dublin: Stationery Office, 2003. ISBN: 0755715500

Taobh Tíre: *a better library service for rural areas. Interim project report.* Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2005. ISBN: 1-873512-12-0

Teenspace: National Recreation Policy for Young People / Office of the Minister for Children. Dublin: Stationery Office, 2007. ISBN: 0-7557-7557-0.

Towards 2016: ten year framework social partnership agreement 2006-2015 / Department of An Taoiseach. Dublin: Stationery Office, 2006. ISBN: 0755716841. (2006)

Using the Internet / compiled and edited by Liam Bergin and Aoife McSwiney. – Dublin: An Chomhairle Leabharlanna, 2001. ISBN: 1-873512-06-6

30-01 05/08 (1,000) Brunswick Press Ltd. (21129)